Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16345/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0383 (COD)**

**EF 398**
**ECOFIN 1673**
**CODEC 2033**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 943 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, Uimh. 648/2012, Uimh. 600/2014, Uimh. 909/2014, 2015/2365, 2019/1156, 2021/23, 2022/858, 2023/1114, Uimh. 1060/2009, 2016/1011, 2017/2402, 2023/2631 agus 2024/3005 a mhéid a bhaineann le tuilleadh forbartha a dhéanamh i ndáil leis an gcomhtháthú margaidh caipitil agus maoirseacht laistigh den Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 943 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 943 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.12.2025
COM(2025) 943 final

ANNEXES 1 to 6

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, Uimh. 648/2012, Uimh. 600/2014, Uimh. 909/2014, 2015/2365, 2019/1156, 2021/23, 2022/858, 2023/1114, Uimh. 1060/2009, 2016/1011, 2017/2402, 2023/2631 agus 2024/3005 a mhéid a bhaineann le tuilleadh forbartha a dhéanamh i ndáil leis an gcomhtháthú margaidh caipitil agus maoirseacht laistigh den Aontas**

{SEC(2025) 943 final} - {SWD(2025) 943 final} - {SWD(2025) 944 final}

IARSCRÍBHINN I

**‘IARSCRÍBHINN**

Tábla comhghaoil dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (43)

| Treoir 2014/65/AE | Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 |
|---|---|
| Airteagal 5(2) | --- |
| Airteagal 18(1) | Airteagal 2u(1) |
| Airteagal 18(2) | Airteagal 2u(2) |
| Airteagal 18(3) | Airteagal 2u(3) |
| Airteagal 18(4) | Airteagal 2u(3) |
| Airteagal 18(5) | Airteagal 2u(3) |
| Airteagal 18(6) | Airteagal 2u(5) |
| Airteagal 18(7) | Airteagal 2u(3) |
| Airteagal 18(8) | Airteagal 2u(6) |
| Airteagal 18(9) | Airteagal 2u(7) |
| Airteagal 18(10) | Airteagal 2u(8), Airteagal 2zf |
| Airteagal 18(11) | Airteagal 2zg(4)(b) |
| Airteagal 19(1) | Airteagal 2x(1) |
| Airteagal 19(2) | Airteagal 2x(2) |
| Airteagal 19(3) | Airteagal 2x(3) |
| Airteagal 19(4) | Airteagal 2x(4) |
| Airteagal 19(5) | Airteagal 2x(5) |
| Airteagal 20(1) | Airteagal 2z(1) |
| Airteagal 20(2) | Airteagal 2z(2) |
| Airteagal 20(3) | Airteagal 2z(3) |
| Airteagal 20(4) | Airteagal 2z(4) |
| Airteagal 20(5) | Airteagal 2z(5) |
| Airteagal 20(6) | Airteagal 2z(6) |
| Airteagal 20(7) | Airteagal 2z(7) |
| Airteagal 20(8) | Airteagal 2z(8) |
| Airteagal 31(1) | Airteagal 2u(3) |
| Airteagal 31(2) | Airteagal 2u(3) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 31(3) | Airteagal 2u(3) |
| Airteagal 31(4) | Airteagal 2zg(2), pointe (c) |
| Airteagal 32(1) | Airteagal 2v(1) |
| Airteagal 32(2) | Airteagal 2v(2) |
| Airteagal 32(3) | Airteagal 2zg(4), pointe (a) |
| Airteagal 32(4) | Airteagal 2zg(2), pointe (b) |
| Airteagal 33(1) | Airteagal 2y(1) |
| Airteagal 33(2) | Airteagal 2y(2) |
| Airteagal 33(3) | Airteagal 2y(3) |
| Airteagal 33(4) | Airteagal 2y(4) |
| Airteagal 33(5) | Airteagal 2y(5) |
| Airteagal 33(6) | Airteagal 2y(6) |
| Airteagal 33(7) | Airteagal 2y(7) |
| Airteagal 33(8) | Airteagal 2zg(2), pointe (d) |
| Airteagal 33(9) | --- |
| Airteagal 34(6) | Airteagal 2w, Airteagal 2o(1) |
| Airteagal 34(7) | Airteagal 2w, Airteagal 2o(2) |
| Airteagal 36 | --- |
| Airteagal 37(1) | --- |
| Airteagal 37(2) | Airteagal 34c |
| Airteagal 38 | --- |
| Airteagal 44(1) | Airteagal 2a(2), pointí (a) agus (b), Airteagal 2b(1) |
| Airteagal 44(2) | Airteagal 2a(3) agus (4) |
| Airteagal 44(3) | Airteagal 2a(4) agus (5) |
| Airteagal 44(4) | Airteagal 2a(7) |
| Airteagal 44(5) | Airteagal 2c(1) |
| Airteagal 44(6) | --- |
| Airteagal 45(1) | Airteagal 2d(1) |
| Airteagal 45(2) | Airteagal 2d(2) |
| Airteagal 45(3) | Airteagal 2d(3) |
| Airteagal 45(4) | Airteagal 2d(4) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 45(5) | Airteagal 2d(5) |
| Airteagal 45(6) | Airteagal 2d(6) |
| Airteagal 45(7) | Airteagal 2d(7) |
| Airteagal 45(8) | Airteagal 2d(8) |
| Airteagal 45(9) | Airteagal 2d(9) |
| Airteagal 46(1) | Airteagal 2e(1) |
| Airteagal 46(2) | Airteagal 2e(2) |
| Airteagal 46(3) | Airteagal 2e(3) |
| Airteagal 47(1) | Airteagal 2f(1) |
| Airteagal 47(2) | Airteagal 2f(2) |
| Airteagal 48(1) | Airteagal 2g(1) |
| Airteagal 48(2) | Airteagal 2g(2) |
| Airteagal 48(3) | Airteagal 2g(3) |
| Airteagal 48(4) | Airteagal 2g(4) |
| Airteagal 48(5) | Airteagal 2g(5) |
| Airteagal 48(6) | Airteagal 2g(6) |
| Airteagal 48(7) | Airteagal 2g(7) |
| Airteagal 48(8) | Airteagal 2g(8) |
| Airteagal 48(9) | Airteagal 2g(9) |
| Airteagal 48(10) | Airteagal 2g(10) |
| Airteagal 48(11) | Airteagal 2g(10) |
| Airteagal 48(12) | Airteagal 2zg(3)(a) go (i) |
| Airteagal 49(1) | Airteagal 2h(1) |
| Airteagal 49(2) | Airteagal 2h(2) |
| Airteagal 49(3) | Airteagal 2zg(3)(j) |
| Airteagal 49(4) | Airteagal 2zg(3)(k) |
| Airteagal 51(1) | Airteagal 2i(1) |
| Airteagal 51(2) | Airteagal 2i(2) |
| Airteagal 51(3) | Airteagal 2i(3) |
| Airteagal 51(4) | Airteagal 2i(4) |
| Airteagal 51(5) | Airteagal 2i(5) |
| Airteagal 51(6) | Airteagal 2zg(3), pointí (l) go (n) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 51a(1) | Airteagal 2j(1) |
| Airteagal 51a(2) | Airteagal 2j(2) |
| Airteagal 51a(3) | Airteagal 2j(3) |
| Airteagal 51a(4) | Airteagal 2j(4) |
| Airteagal 51a(5) | Airteagal 2j(5) |
| Airteagal 51a(6) | Airteagal 2j(6) |
| Airteagal 51a(7) | Airteagal 2zg(2)(a) |
| Airteagal 52(1) | Airteagal 2k(1) |
| Airteagal 52(2) | Airteagal 2k(2), Airteagal 2zg(3)(o) |
| Airteagal 52(3) | Airteagal 2zg(4)(a) |
| Airteagal 52(4) | Airteagal 2zg(2)(b) |
| Airteagal 53(1) | Airteagal 2l(1) |
| Airteagal 53(2) | Airteagal 2l(2) |
| Airteagal 53(3) | Airteagal 2l(3) |
| Airteagal 53(4) | Airteagal 2l(4) |
| Airteagal 53(5) | Airteagal 2l(5) |
| Airteagal 53(6) | Airteagal 2o(1)(a) |
| Airteagal 53(7) | Airteagal 2l(6) |
| Airteagal 54(1) | Airteagal 2n(1) |
| Airteagal 54(2) | Airteagal 2n(2) |
| Airteagal 54(3) | Airteagal 2n(3) |
| Airteagal 54(4) | Airteagal 2zg(2)(c) |
| Airteagal 55 | --- |
| Airteagal 56 | Airteagal 2zf |
| Airteagal 57(8) | Airteagal 34a(1) |
| Airteagal 57(9) | Airteagal 34a(2) |
| Airteagal 57(10) | Airteagal 34a(3) |
| Airteagal 58(1) | Airteagal 34b(1) |
| Airteagal 58(4) | Airteagal 34b(2) |
| Airteagal 58(5) | Airteagal 34b(3) |
| Airteagal 58(6) | Airteagal 34b(4) |
| Airteagal 58(7) | Airteagal 34b(5) |

# IARSCRÍBHINN II

Leasaítear **Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 648/2012** mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Liosta de na comhéifeachtaí atá nasctha le tosca géaraitheacha agus le tosca maolaitheacha chun Airteagal 25j(3) agus Airteagal 22c(3) a chur i bhfeidhm’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Beidh na comhéifeachtaí seo a leanas infheidhme, go carnach, maidir leis na bunmhéideanna dá dtagraítear in Airteagal 25j(2) agus in Airteagal 22c(3):’.

**IARSCRÍBHINN III**

**'IARSCRÍBHINN V**

Liosta de na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 22c(3)

I. Sáruithe a bhaineann le ceanglais rochtana:

(a) sáraíonn CPL mór Airteagal 7(1) mura n-áirithíonn sé ceart ionaid trádála go ndéileálfaí leis ar mhodh neamh-idirdhealaitheach;

(b) sáraíonn CPL mór Airteagail 7(2) agus 7(3) mura ndéanann sé rochtain ar ionad trádála a ghéilleadh ná a dhiúltú laistigh de 3 mhí ón iarraidh, nó mura soláthraíonn sé na cúiseanna iomlána atá leis an diúltú sin don ionad trádála.

II. Sáruithe a bhaineann le ceanglais tuairiscithe:

(a) sáraíonn CPL mór Airteagal 7e(1) mura dtuairiscíonn sé do ESMA ar bhonn míosúil, tríd an mbunachar sonraí lárnach a bhunaítear de bhun Airteagal 17c, an fhaisnéis a luaitear i bpointí (a) go (h) den mhír chéanna ar a laghad;

(b) sáraíonn CPL mór Airteagal 9(1) mura n-áirithíonn sé go ndéantar mionsonraí a bhaineann le haon chonradh díorthach a chuir sé i gcrích agus le haon mhodhnú nó foirceannadh i leith an chonartha sin a thuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo do stór trádála a chláraítear i gcomhréir le hAirteagal 55 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 77; agus mura gcuireann sé na nósanna imeachta agus socruithe iomchuí i bhfeidhm chun cáilíocht na sonraí a thuairiscíonn sé a áirithiú;

(c) sáraíonn CPL mór Airteagal 9(1e) mura n-áirithíonn sé go ndéantar mionsonraí na gconarthaí díorthach atá le tuairisciú a thuairisciú i gceart agus gan dúbailt, lena n-áirítear i gcás inar tarmligeadh an oibleagáid tuairiscithe.

III. Sáruithe a bhaineann le ceanglais chaipitil:

(a) sáraíonn CPL mór Airteagal 16(1) mura bhfuil caipiteal tosaigh atá buan agus atá ar fáil de EUR 7,5 milliún ar a laghad aige;

(d) sáraíonn CPL mór Airteagal 16(2) mura bhfuil caipiteal aige, lena n-áirítear tuilleamh coimeádta agus cúlchistí, atá comhréireach leis an riosca a thagann as a ghníomhaíochtaí agus ar leor i gcónaí é chun a áirithiú go ndéantar foirceannadh nó athstruchtúrú ordúil ar na gníomhaíochtaí sin in imeacht tréimhse iomchuí ama agus chun an CPL a chosaint go leormhaith ar rioscaí creidmheasa, contrapháirtí, margaidh, oibríochtúla, dlíthiúla agus gnó nach bhfuil cumhdaithe cheana le hacmhainní airgeadais sonracha dá dtagraítear in Airteagail 41 go 44.

IV. Sáruithe a bhaineann le ceanglais chun údarú nó bailíochtú a fháil:

(a) sáraíonn CPL mór Airteagal 15 mura gcuireann sé iarratas isteach ar leathnú ar a údarú chun tuilleadh seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh a chumhdach, sula leathnaíonn sé a ghnó chun tuilleadh seirbhísí nó gníomhaíochtaí a chumhdach.

V. Sáruithe a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla nó le coinbhleachtaí leasa:

(a) sáraíonn CPL mór Airteagal 26(1) mura bhfuil socruithe daingne rialachais aige lena n-áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil ag a bhfuil freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha, próisis éifeachtacha chun na rioscaí a bhfuil sé neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu agus sásraí leormhaithe um rialú inmheánach, lena n-áirítear nósanna imeachta fónta riaracháin agus cuntasaíochta nó má thagann sé chun bheith ina chomhalta imréitigh nó ina chliant, nó má bhunaíonn sé socruithe imréitigh indíreacha le

comhalta imréitigh agus é mar aidhm aige sin tabhairt faoi ghníomhaíochtaí imréitigh ag CPL eile, mura rud é go ndéantar gníomhaíochtaí imréitigh den sórt sin faoi shocrú idir-inoibritheachta faoi Theideal V nó i gcás ina gcuirtear a bheartais infheistíochta i gcrích faoi Airteagal 47;

(b) sáraíonn CPL mór Airteagal 26(2) mura nglacann sé beartais agus nósanna imeachta atá éifeachtach a ndóthain chun a áirithiú go gcomhlíontar an Rialachán seo, lena n-áirítear chun a áirithiú go gcomhlíonann a bhainisteoirí agus a fhostaithe iad;

(c) sáraíonn CPL mór Airteagal 26(3) mura ndéanann sé struchtúr eagraíochtúil a choinneáil ar bun nó a oibriú lena n-áirithítear leanúnachas agus oibriú ordúil i bhfeidhmiú a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí nó mura mbaineann sé úsáid as córais, acmhainní nó nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach, lena n-áirítear córais TFC arna mbainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554;

(d) sáraíonn CPL mór Airteagal 26(4) mura gcoinníonn sé deighilt shoiléir ar bun idir na línte tuairiscithe le haghaidh bainistiú riosca agus iad siúd a bhaineann le hoibríochtaí eile an CPL;

(e) sáraíonn CPL mór Airteagal 26(5) mura ndéanann sé beartas luacha saothair a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun lena gcuirtear bainistiú riosca fónta agus éifeachtach chun cinn agus nach gcruthaítear dreasachtaí leis chun caighdeáin riosca a mhaolú;

(f) sáraíonn CPL mór Airteagal 26(7) mura ndéanann sé a shocruithe rialachais, na rialacha lena rialaítear an CPL, nó a chritéir iontrála do chomhaltas imréitigh, a chur ar fáil don phobal saor in aisce;

(g) sáraíonn CPL mór Airteagal 26(8) mura bhfuil sé faoi réir iniúchtaí minice agus neamhspleácha nó mura ndéanann sé torthaí na n-iniúchtaí sin a thuairisciú don bhord nó mura gcuireann sé ar fáil iad do ESMA;

(h) sáraíonn CPL mór Airteagal 27(1) nó an dara fomhír d’Airteagal 27(2) mura n-áirithíonn sé gur leor dea-cháil agus taithí na bainistíochta sinsearaí agus chomhaltaí an bhoird lena áirithiú go ndéantar bainistiú fónta stuama ar an CPL;

(i) sáraíonn CPL mór Airteagal 27(2) mura n-áirithíonn sé gur comhaltaí neamhspleácha iad aon trian ar a laghad ach nach mó na dhá thrian de chomhaltaí an bhoird, nó mura dtugann sé cuireadh d’ionadaithe chliaint na gcomhaltaí imréitigh chuig cruinnithe le haghaidh ábhar atá ábhartha d’Airteagal 38 agus d’Airteagal 39 nó má dhéanann sé cúiteamh na gcomhaltaí neamhspleácha nó na gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile den bhord a nascadh le feidhmíocht ghnó an CPL;

(j) sáraíonn CPL mór Airteagal 27(3) mura ndéanann sé róil agus freagrachtaí an bhoird a chinneadh go soiléir nó mura gcuireann sé miontuairiscí na gcruinnithe boird ar fáil do ESMA nó do na hiniúchóirí;

(k) sáraíonn CPL mór Airteagal 28(1) mura gcuireann sé coiste riosca ar bun nó mura gcomhdhéanann sé an coiste sin d’ionadaithe de na comhaltaí imréitigh, de chomhaltaí neamhspleácha an bhoird agus d’ionadaithe a gcliant, má chomhdhéanann sé an coiste riosca ar chaoi a mbíonn tromlach ag ceann de na grúpaí ionadaithe sin sa choiste riosca, nó mura gcuireann sé ESMA ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí agus cinntí an choiste riosca i gcás inar iarr ESMA go gcuirfí ar an eolas go cuí é;

(1) sáraíonn CPL mór Airteagal 28(2) mura ndéanann sé an sainordú, na socruithe rialachais chun a neamhspleáchas a áirithiú, na nósanna imeachta oibriúcháin, na critéir iontrála nó an sásra toghcháin le haghaidh chomhaltaí an choiste riosca a chinneadh go soiléir, nó mura gcuireann sé na socruithe rialachais sin a chur ar fáil go poiblí nó mura gcinneann sé go

ndéanann comhalta neamhspleách den bhord cathaoirleacht ar an gcoiste riosca agus go dtuairiscíonn sé go díreach chuig an mbord agus go dtionólann sé cruinnithe tráthrialta;

(m) sáraíonn CPL mór Airteagal 28(3) mura gceadaíonn sé don choiste riosca comhairle a thabhairt don bhord maidir le haon socruithe a d'fhéadfadh a bheith acu ar bhainistiú riosca CPL nó mura ndéanann sé iarrachtaí réasúnacha dul i gcomhairle leis an gcoiste riosca maidir le forbairtí a mbíonn tionchar acu ar bhainistiú riosca an CPL i staideanna éigeandála;

(n) sáraíonn CPL mór Airteagal 28(5) mura gcuireann sé ESMA ar an eolas go pras faoi aon chinneadh inar chinn an bord gan comhairle an choiste riosca a leanúint;

(o) sáraíonn CPL mór Airteagal 29(1) mura gcoimeádann sé ar feadh 10 mbliana ar a laghad na taifid uile ar na seirbhísí agus ar an ngníomhaíocht a sholáthraítear, ar taifid iad a bhfuil gá leo ionas gur féidir le ESMA faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht an CPL leis an Rialachán seo;

(p) sáraíonn CPL mór Airteagal 29(2) mura gcoimeádann sé ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis conradh a fhoirceannadh, an fhaisnéis uile ar na conarthaí atá próiseáilte aige ar bhealach a fhágann gur féidir téarmaí tosaigh idirbhirt a shainaithint sula ndéanann an CPL é a imréiteach;

(q) sáraíonn CPL mór Airteagal 29(3) mura gcuireann sé na taifid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 29, nó an fhaisnéis uile ar shuíomhanna na gconarthaí imréitithe, gan beann ar an ionad ina ndearnadh na hidirbhearta a fhorghníomhú, ar fáil do ESMA agus do chomhaltaí ábhartha CEBC arna iarraidh sin dó;

(r) sáraíonn CPL mór Airteagal 30(1) mura gcuireann sé ESMA ar an eolas go hiomlán, nó má chuireann sé ar an eolas go bréagach nó go neamhiomlán é faoi chéannacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, cibé acu is scairshealbhóirí díreacha nó neamhdhíreacha iad, daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu, nó faoi mhéideanna na sealúchas sin;

(s) sáraíonn CPL mór Airteagal 30(4) má cheadaíonn sé do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 30(1) tionchar a imirt ar dócha go ndéanann sé dochar do bhainistiú fhónta agus stuama an CPL;

(t) sáraíonn CPL mór Airteagal 31(1) mura gcuireann sé ESMA ar an eolas go hiomlán, nó má chuireann sé ar an eolas go bréagach nó go neamhiomlán é maidir le haon athruithe ar a bhainistíocht nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis go léir is gá do ESMA chun comhlíonadh Airteagal 27(1) agus an dara fomhír d'Airteagal 27(2) a mheasúnú;

(u) sáraíonn CPL mór Airteagal 33(1) mura ndéanann sé socruithe eagrúcháin agus riaracháin éifeachtacha i scríbhinn a choinneáil ar bun agus a oibriú chun aon choinbhleacht leasa a shainaithint nó a bhainistiú, ar coinbhleachtaí leasa iad a d'fhéadfadh a bheith ann idir é féin, lena n-áirítear a bhainisteoirí, a fhostaithe, nó aon duine a bhfuil rialú díreach nó indíreach nó dlúthnaisc aige leo sin, agus a chomhaltaí imréitigh nó a gcliaint siúd a bhfuil eolas ag an CPL orthu nó mura ndéanann sé nósanna imeachta leordhóthanacha a choinneáil ar bun agus a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh coinbhleachtaí leasa féideartha a réiteach;

(v) sáraíonn CPL mór Airteagal 33(2) mura nochtann sé go soiléir nádúr ginearálta nó foinsí coinbhleachtaí leasa don chomhalta imréitigh lena mbaineann nó do chliant lena mbaineann den chomhalta imréitigh arb eol don CPL cé hé sula nglacann an CPL le hidirbhearta nua ón gcomhalta imréitigh sin i gcás, maidir le socruithe eagrúcháin agus riaracháin an CPL sin chun coinbhleacht leasa a bhainistiú, nach leor iad chun a áirithiú, le muinín réasúnta, go ndéantar rioscaí damáiste do leas comhalta imréitigh nó do leas cliaint a chosc;

(w) sáraíonn CPL mór Airteagal 33(3) mura gcuireann sé san áireamh sna socruithe i scríbhinn atá aige aon chúinsí a bhfuil an CPL ar an eolas fúthu nó ar cheart dó a bheith ar an eolas fúthu, a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú mar thoradh ar struchtúr agus ar ghníomhaíochtaí gnó na ngnóthas eile a bhfuil caidreamh máthairghnóthais nó fochuideachta aige leo;

(x) sáraíonn CPL mór Airteagal 33(5) mura ndéanann sé gach céim réasúnach chun mí-úsáid aon fhaisnéise a chosc a choimeádtar ina chórais nó má chuireann sé cosc ar úsáid na faisnéise sin i gcomhair gníomhaíochtaí eile gnó, nó ag duine nádúrtha a bhfuil dlúthnasc aige le CPL nó duine dlítheanach a bhfuil caidreamh máthairghnóthais nó fochuideachta aige leis an CPL, faisnéis rúnda arna taifeadadh i CPL a úsáid chun críoch tráchtála gan toiliú a fháil roimh ré ón gcliant ar leis an fhaisnéis rúnda sin;

(y) sáraíonn CPL mór Airteagal 36(1) mura ngníomhaíonn sé go cothrom agus go gairmiúil ar mhaithe le leasanna na gcomhaltaí imréitigh agus a gcliant;

(z) sáraíonn CPL mór Airteagal 36(2) mura rialacha inrochtana trédhearcacha agus cothroma atá aige maidir le láimhseáil phras a dhéanamh ar ghearáin;

(aa) sáraíonn CPL mór Airteagal 37(1) nó (2) má úsáideann sé, ar bhonn leanúnach, critéir iontrála idirdhealaitheacha, neamh-thrédhearcacha nó shuibiachtúla, nó mura ndéanann sé ar bhealaí eile rochtain chothrom agus oscailte ar an CPL sin a áirithiú ar bhonn leanúnach nó mura n-áirithíonn sé ar bhonn leanúnach go mbíonn acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus acmhainneacht oibríochtúil leormhaith ag a chomhaltaí imréitigh chun na hoibleagáidí a bhaineann le bheith páirteach sa CPL sin a chomhlíonadh, nó mura bhfuil critéir iontrála aige lena n-áirithítear nach féidir le CPLanna nó tithe imréitigh a bheith ina gcomhaltaí imréitigh, go díreach nó go hindíreach, ag an CPL, nó mura ndéanann sé, ar bhonn bliantúil, athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíontacht a chomhaltaí imréitigh;

(ab) sáraíonn CPL mór Airteagal 37(1a) má ghlacann sé le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh i gcás nach bhfuil sé léirithe ag contrapháirtithe den sórt sin conas a bheartaíonn siad na ceanglais chorrlaigh agus na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chomhlíonadh, nó mura ndéanann sé athbhreithniú ar na socruithe arna mbunú chun faireachán a dhéanamh maidir le comhlíonadh an choinníll go ngníomhóidh na contrapháirtithe neamhairgeadais sin mar chomhaltaí imréitigh;

(ac) sáraíonn CPL mór Airteagal 37(4) mura mbíonn nósanna imeachta oibiachtúla agus trédhearcacha aige maidir le comhaltaí imréitigh nach gcomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 37(1) a thuilleadh a chur ar fionraí agus a scor go hordúil;

(ad) sáraíonn CPL mór Airteagal 37(5) má dhéanann sé rochtain a dhiúltú do chomhalta imréitigh a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 37(1) i gcás nach dtugtar údar cuí le rochtain a dhiúltú i scríbhinn agus nach bhfuil sé bunaithe ar anailís riosca chuimsitheach;

(ae) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(1) mura dtugann sé do chliaint a gcomhaltaí imréitigh rochtain leithleach ar na seirbhísí sonracha atá á soláthar;

(af) sáraíonn CPL mór Airteagal 39(7) mura dtairgeann sé na leibhéil éagsúla leithscartha dá dtagraítear sa mhír sin ar théarmaí tráchtála réasúnacha.

VI. Sáruithe a bhaineann le riachtanais oibríochtúla:

(a) sáraíonn CPL mór Airteagal 34(1) mura ndéanann sé beartas leormhaith um leanúnachas gnó agus plean freagartha agus athshlánaithe leormhaith arna gcur ar bun i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554, a bhunú, a chur chun feidhme nó a choinneáil ar bun, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéantar a chuid feidhmeanna a choinneáil slán, oibríochtaí a

athshlánú go tráthúil agus oibleagáidí CPL a chomhlíonadh, lena gceadaítear ar a laghad na hidirbhearta uile a athshlánú tráth an bhriste ionas gur féidir leis an CPL leanúint de bheith ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta;

(b) sáraíonn CPL Airteagal 34(2) mura ndéanann sé nós imeachta leormhaith a bhunú, a chur chun feidhme nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó sócmhainní agus suíomhanna na gcliant agus na gcomhaltaí imréitigh a shocrú nó a aistriú go tráthúil agus go hordúil i gcás ina ndéantar údarú a tharraingt siar de bhun cinneadh faoi Airteagal 20;

(c) sáraíonn CPL mór Airteagal 35(1), an dara fomhír, má eisfhoinsíonn sé mórghníomhaíochtaí atá nasctha le bainistiú riosca an CPL sin gan formheas ó ESMA;

(d) sáraíonn CPL mór Airteagal 39(1) mura gcoimeádann sé taifid agus cuntais leithleacha ionas gur féidir leis, tráth ar bith agus gan mhoill, sna cuntais leis an CPL, na sócmhainní agus na suíomhanna a choimeádtar do chuntas comhalta imréitigh amháin a idirdhealú ó shócmhainní agus ó shuíomhanna a choimeádtar do chuntas aon chomhalta imréitigh eile agus óna shócmhainní féin;

(e) sáraíonn CPL mór Airteagal 39(2) mura dtairgeann sé taifid agus cuntais leithleacha a choimeád agus mura gcoimeádann sé arna iarraidh sin taifid agus cuntais leithleacha lena gcuirtear ar a chumas do gach comhalta imréitigh, sna cuntais leis an CPL, sócmhainní agus suíomhanna an chomhalta imréitigh sin a idirdhealú ó na sócmhainní agus ó na suíomhanna a choimeádtar do chuntais a chliaint;

(f) sáraíonn CPL mór Airteagal 39(3) mura dtairgeann sé taifid agus cuntais leithleacha a choimeád agus mura gcoimeádann sé arna iarraidh sin taifid agus cuntais leithleacha lena gcuirtear ar a chumas do gach comhalta imréitigh, sna cuntais leis an CPL, sócmhainní agus suíomhanna a choinnítear i gcomhair cuntas cliaint amháin a idirdhealú ó shócmhainní agus suíomhanna a choinnítear i gcomhair cuntas cliant eile, nó mura dtairgeann sé dá chomhaltaí imréitigh an fhéidearthacht tuilleadh cuntas a oscailt ina n-ainm féin i gcomhair chuntas a gcliant i gcás ina n-iarrtar sin;

(g) sáraíonn CPL mór Airteagal 40 mura ndéanann sé a neamhchosaintí leachtachta agus creidmheasa ar gach comhalta imréitigh agus, i gcás inarb ábhartha, ar CPL eile a bhfuil socrú idir-inoibritheachta déanta aige leis, a thomhas agus a mheasúnú ar bhonn fíor-ama, nach mór, nó mura bhfuil rochtain aige ar na foinsí praghsála ábhartha chun a neamhchosaintí a thomhas go héifeachtach ar bhonn costais réasúnaigh;

(h) sáraíonn CPL mór Airteagal 41(1) mura ndéanann sé corrlaigh a fhorchur, a ghlaoch nó a bhailiú chun teorainn a chur lena neamhchosaintí creidmheasa óna chomhaltaí imréitigh nó, i gcás inarb iomchuí, ó CPLanna lena bhfuil socrú idir-inoibritheachta tugtha i gcrích aige, nó má dhéanann sé corrlaigh a fhorchur, a ghlaoch nó a bhailiú nach bhfuil leordhóthanach chun neamhchosaintí féideartha a mheasann an CPL a bheith ann a chumhdach go dtí leachtú na suíomhanna ábhartha ná chun na caillteanais a chumhdach a eascraíonn as ar a laghad 99 % de ghluaiseachtaí na neamhchosaintí thar thréimhse ionchais iomchuí ná nach bhfuil leormhaith chun a áirithiú go ndéanann an CPL comhthaobhú iomlán ar a neamhchosaintí lena chomhaltaí imréitigh uile, agus, i gcás inarb iomchuí, leis na CPLanna uile a bhfuil socrú idir-inoibritheachta aige leo, ar bhonn laethúil ar a laghad, nó mura ndéanann sé faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar leibhéal na gcorrlach chun dálaí margaidh atá ann faoi láthair a léiriú agus aon iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith comh-thimthriallach á gcur san áireamh;

(i) sáraíonn CPL mór Airteagal 41(2) mura nglacann sé samhlacha agus paraiméadair agus a cheanglais chorrlaigh á leagan síos a léiríonn saintréithe riosca na dtáirgí a imréitítear agus an t-eatramh idir bailiúcháin corrlach, leachtacht margaidh agus athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann i gcaitheamh an idirbhirt á gcur san áireamh;

(j) sáraíonn CPL mór Airteagal 41(3) mura ndéanann sé corrlaigh a ghlaoch agus a bhailiú ar bhonn ionlae, ar a laghad nuair a sháraítear tairseacha réamhshainithe nó má bhíonn íocaíochtaí corrlaigh athrúcháin ionlae ina sheilbh aige tar éis dó na híocaíochtaí dlite sin uile a bhailiú, seachas iad a chur ar aghaidh, i gcás inar féidir;

(k) sáraíonn CPL mór Airteagal 42(3) mura ndéanann sé ciste mainneachtana a choinneáil ar bun lena gcuirtear ar a chumas dó ar a laghad, faoi dhálaí margaidh atá foircneach ach sochreidte, mainneachtain an chomhalta imréitigh a bhfuil na neamhchosaintí is mó aige ina leith a sheasamh, nó mainneachtain an dara agus an tríú comhalta imréitigh is mó a sheasamh más mó suim a neamhchosaintí siúd, nó má dhéanann sé cásanna a fhorbairt nach gcuimsítear leo na tréimhsí ba luainí a chonacthas sna margaí a soláthraíonn an CPL a sheirbhísí dóibh agus réimse cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo, lena gcuirtear san áireamh acmhainní airgeadais a dhíoltar go tobann agus laghduithe tapa ar leachtacht margaidh;

(l) sáraíonn CPL mór Airteagal 43(2) má chuireann a chiste mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 42 agus a acmhainní airgeadais eile dá dtagraítear in Airteagal 43(1) ar a chumas dó mainneachtain an dá chomhalta imréitigh a bhfuil na neamhchosaintí is mó aige ina leith a sheasamh faoi dhálaí margaidh atá foircneach ach sochreidte;

(m) sáraíonn CPL mór Airteagal 44(1) mura mbíonn rochtain i gcónaí aige ar leachtacht leordhóthanach chun a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí a chomhlíonadh nó mura ndéanann sé na riachtanais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith aige a thomhas ar bhonn laethúil;

(n) sáraíonn CPL mór Airteagal 45(1), (2) agus (3) mura mbaineann sé leas as na corrlaigh arna gcur suas ag comhalta imréitigh mainneachtana sula mbaineann sé leas as acmhainní airgeadais eile chun caillteanais a chumhdach;

(o) sáraíonn CPL mór Airteagal 45(4) mura mbaineann sé úsáid as acmhainní dílse tiomnaithe sula n-úsáideann sé na ranníocaíochtaí i leith ciste mainneachtana comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana;

(p) sáraíonn CPL mór Airteagal 45a(1) más rud é go ndéanann sé aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear faoi phointí (a), (b) agus (c) den mhír sin i gcás ina gceanglaíonn ESMA ar an CPL staonadh ó aon ghníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse arna sonrú ag ESMA;

(q) sáraíonn CPL mór Airteagal 46(1) má ghlacann sé le comhthaobhacht fhíorleachtach lena mbaineann riosca íosta creidmheasa agus margaidh chun a neamhchosaint tosaigh agus reatha ar a chomhaltaí imréitigh a chumhdach i gcás nach gceadaítear aon chomhthaobhacht eile faoin ngníomh tarmligthe arna ghlacadh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 46(3);

(r) sáraíonn CPL mór Airteagal 46(1) má ghlacann sé le ráthaíochtaí poiblí, le ráthaíochtaí bainc phoiblí nó le ráthaíochtaí bainc tráchtála, i gcás nach bhfuil na ráthaíochtaí sin ar fáil gan choinníoll arna iarraidh sin laistigh den tréimhse leachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 41, nó mura socraíonn sé, ina rialacha oibríochta, an t-íosleibhéal soláthair urrúis chomhthaobhaigh is inghlactha do na ráthaíochtaí a nglacann sé leo, nó má ghlacann sé le ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála chun neamhchosaintí a chumhdach seachas a neamhchosaint tosaigh agus leanúnach ar a chomhaltaí imréitigh ar contrapháirtithe neamhairgeadais iad nó ar chliaint na gcomhaltaí imréitigh, ar choinníoll gur contrapháirtithe neamhairgeadais iad cliaint sin na gcomhaltaí imréitigh nó, i gcás ina soláthraítear ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc phoiblí nó ráthaíochtaí bainc tráchtála don CPL, nach gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach faoin tríú fomhír, pointí (a) go (e), den mhír sin;

(s) sáraíonn CPL mór Airteagal 47(1) má infheistíonn sé a chuid acmhainní airgeadais ar bhealach eile seachas in airgead tirim nó ionstraimí airgeadais fíorleachtacha lena mbaineann

riosca íosta creidmheasa agus margaidh agus ar féidir iad a leachtú go pras gan ach éifeacht dhíobhálach an-bheag a imirt ar phraghsanna;

(t) sáraíonn CPL mór Airteagal 47(3) mura ndéanann sé ionstraimí airgeadais a chur suas mar chorrlaigh nó mar ranníocaíochtaí i leith ciste mainneachtana a thaisceadh, lena n-áirithítear lánchosaint na n-ionstraimí airgeadais sin i gcás ina bhfuil siad sin ar fáil, nó mura ndéanann sé socruithe eile ardslándála le hinstitiúidí airgeadais údaraithe a úsáid;

(u) sáraíonn CPL mór Airteagal 47(4) má dhéanann sé taiscí in airgead tirim ar bhealach eile seachas trí shocruithe ardslándála le hinstitiúidí airgeadais údaraithe nó trí shaoráidí seasmhacha taisce de chuid na mbanc ceannais nó trí mheán inchomparáide eile a chuireann na bainc cheannais ar fáil;

(v) sáraíonn CPL mór Airteagal 47(5) má thaisceann sé sócmhainní le tríú páirtí gan a áirithiú go bhfuil sócmhainní na gcomhaltaí imréitigh inaitheanta go leithleach ó acmhainní an CPL nó sócmhainní an tríú páirtí sin trí bhíthin cuntais ar a bhfuil teidil éagsúla a bheith ar leabhair an tríú páirtí nó trí bhíthin aon bhearta coibhéiseacha lena mbaintear an leibhéal céanna cosanta amach nó mura bhfuil rochtain phras aige ar na hionstraimí airgeadais nuair is gá;

(w) sáraíonn CPL mór Airteagal 47(6) má dhéanann sé a chaipiteal nó na suimeanna atá ag eascairt as na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 41 go 44 a infheistiú ina urrúis féin ná in urrúis a mháthairchuideachta nó a fhochuideachta;

(x) sáraíonn CPL mór Airteagal 48(1) mura bhfuil nósanna imeachta mionsonraithe i bhfeidhm aige a bhíonn le leanúint i gcás nach gcomhlíonann comhalta imréitigh na ceanglais rannpháirtíochta a leagtar síos in Airteagal 37 laistigh den teorainn ama agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna mbunú ag an CPL, nó mura dtugann sé cuntas ar na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás nach bhfógraíonn CPL mainneachtain comhalta imréitigh, nó mura ndéanann sé na nósanna imeachta sin a athbhreithniú go bliantúil;

(y) sáraíonn CPL mór Airteagal 48(2) mura ndéanann sé beart pras chun caillteanais agus brúnna leachtachta a eascraíonn as mainneachtain comhalta imréitigh a shrianadh agus mura n-áirithíonn sé nach gcuireann leachtú suíomhanna de chuid aon chomhalta imréitigh isteach ar a oibríochtaí ná nach ndéanann sé comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana a neamhchosaint ar chaillteanais nach féidir leo a réamh-mheas ná a rialú;

(z) sáraíonn CPL mór Airteagal 48(3) mura gcuireann sé ESMA ar an eolas go pras sula ndéantar an próiseas mainneachtana a dhearbhú nó a thionscnamh;

(aa) sáraíonn CPL mór Airteagal 48(4) mura bhfíoraíonn sé go bhfuil a nósanna imeachta réamhshocraithe in-fhorfheidhmithe agus mura dtugann sé gach céim réasúnta chun a áirithiú go bhfuil na cumhachtaí dlíthiúla aige chun suíomhanna dílsithe an chomhalta imréitigh mainneachtana a leachtú agus suíomhanna chliaint an chomhalta imréitigh mainneachtana a aistriú nó a leachtú;

(ab) sáraíonn CPL mór Airteagal 49(1) mura ndéanann sé athbhreithniú tráthrialta ar a shamhlacha ná ar a pharaiméadair a glacadh chun a cheanglais chorrlaigh, ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana, ceanglais chomhthaobhachta nó sásraí eile rialaithe riosca a ríomh; mura gcuireann sé tástálacha struis diana agus tráthrialta i bhfeidhm ar na samhlacha sin chun measúnú a dhéanamh ar a athléimneacht faoi dhálaí margaidh foircneacha ach sochreidte; mura ndéanann sé cúltástálacha chun iontaofacht na modheolaíochta a glacadh a mheasúnú; mura n-éiríonn leis bailíochtú neamhspleách a fháil; mura n-éiríonn leis ESMA a chur ar an eolas faoi thorthaí na dtástálacha a rinneadh; nó mura n-éiríonn leis bailíochtú ESMA a fháil roimh dó aon athrú mór ar na samhlacha agus ar na paraiméadair a ghlacadh i gcás nár cheadaigh ESMA glacadh sealadach an athraithe sin sula ndearnadh é a bhailíochtú;

(ac) sáraíonn CPL mór Airteagal 49(2) mura ndéanann sé príomhghnéithe a nósanna imeachta mainneachtana a thástáil go tráthrialta nó mura dtugann sé gach céim réasúnta chun a áirithiú go dtuigeann na comhaltaí imréitigh uile iad agus go bhfuil socruithe iomchuí i bhfeidhm acu chun freagairt do theagmhas mainneachtana;

(ad) sáraíonn CPL mór Airteagal 50(1) mura mbaineann sé leas as airgead bainc ceannais, i gcás ina bhfuil sé praiticiúil agus i gcás ina bhfuil a leithéid ar fáil, chun a idirbhearta a shocrú nó mura ngníomhaíonn sé chun srian docht a chur le rioscaí socraíochta airgid thirim i gcás nach mbaintear leas as airgead bainc ceannais;

(ae) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 50(3) mura ndéanann sé an príomhriosca a dhíchur trí shásraí maidir le seachadadh in áit íocaíochta a úsáid a mhéid is féidir, i gcás ina bhfuil oibleagáid ar CPL ionstraimí airgeadais a sheachadadh nó a fháil mar sheachadadh;

(af) sáraíonn CPL mór Airteagal 50a nó Airteagal 50b mura ndéanann sé KCCP a ríomh mar a shonraítear sna hAirteagail sin nó mura leanann sé na rialacha maidir le KCCP a ríomh a leagtar amach in Airteagal 50a(2), Airteagal 50b agus Airteagal 50d;

(ae) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 50a(3) mura ndéanann sé KCCP a ríomh níos lú ná uair sa ráithe nó níos annaimhe ná mar atá ceangailte ag ESMA i gcomhréir le hAirteagal 50a(3);

(ah) sáraíonn CPL mór Airteagal 51(2) mura bhfuil rochtain neamh-idirdhealaitheach ag an CPL ar na sonraí atá riachtanach dó chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ón ionad trádála áirithe sin a mhéid a chomhlíonann an CPL sin na ceanglais oibríochtúla agus theicniúla arna mbunú ag an ionad trádála agus ar an gcóras socraíochta ábhartha;

(ai) sáraíonn CPL mór Airteagal 52(1) má dhéanann sé socrú idir-inoibritheachta gan aon cheann de na ceanglais a leagtar amach i bpointí (a) go (d) den mhír sin a chomhlíonadh;

(aj) sáraíonn CPL mór Airteagal 53(1) mura ndéanann sé idirdhealú sna cuntais ar na sócmhainní agus na suíomhanna atá sealbhaithe do chuntas CPL eile lena ndearna sé socrú idir-inoibritheachta;

(ak) sáraíonn CPL mór Airteagal 54(1) más rud é go ndéanann sé socrú idir-inoibritheachta, nó go ndéanann sé athrú ábhartha ar shocrú idir-inoibritheachta formheasta faoi Theideal V, gan formheas ESMA a fháil roimh ré.

VII. Sáruithe a bhaineann le trédhearcacht faisnéise agus infhaighteacht faisnéise:

(a) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(1) mura ndéanann sé na praghsanna ar gach seirbhís a chuirtear ar fáil ar leithligh a nochtadh lena n-áirítear lascainí agus aisíocaíochtaí mar aon leis na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as na laghduithe sin;

(b) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(1) mura ndéanann sé costais agus ioncaim a sheirbhísí a nochtadh do ESMA;

(c) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(2) mura ndéanann sé na rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear a nochtadh dá chomhaltaí imréitigh agus dá chliaint;

(d) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(3) mura nochtann sé dá chomhaltaí imréitigh agus do ESMA an fhaisnéis faoi phraghsanna a úsáidtear chun neamhchosaintí ag deireadh an lae maidir lena chomhaltaí imréitigh a ríomh nó mura nochtann sé go poiblí líon na n-idirbheart a imréitíodh i leith gach ionstraime arna himréiteach ag an CPL ar bhonn comhiomlán;

(e) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(4) mura nochtann sé go poiblí na riachtanais oibríochtúla agus theicniúla a bhaineann leis na prótacail chumarsáide lena gcumhdaítear formáidí

inneachair agus formáidí teachtaireachtaí a úsáideann sé le hidirghníomhú le tríú páirtithe, lena n-áirítear na ceanglais oibríochtúla agus theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 7;

(f) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(5) mura nochtann sé go poiblí aon sáruithe a rinne comhaltaí imréitigh ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 37(1) agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 38(1), ach amháin i gcás ina measann ESMA gur bagairt a bheadh sa nochtadh sin don chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín sa mhargadh agus go gcuirfeadh nochtadh don phobal den chineál sin na margaí airgeadais i mbaol mór nó go ndéanfadh sé damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann;

(g) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(6) más rud é nach soláthraíonn sé uirlis ionsamhlúcháin dá chomhaltaí imréitigh a chuireann ar a gcumas dóibh méid an chorrlaigh tosaigh breise a chinneadh, ar leibhéal na punainne, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón CPL ar imréiteach idirbhirt nua, lena n-áirítear ionsamhlúchán ar na ceanglais chorrlaigh a bhféadfaidís a bheith faoina réir i gcásanna éagsúla, nó mura gcuireann an CPL an uirlis sin ar fáil ar bhonn slánrochtana;

(h) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(7) mura soláthraíonn sé faisnéis dá chomhaltaí imréitigh faoi na samhlacha don chorrlach tosaigh a úsáideann sé, mar a shonraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír sin, ar bhealach soiléir trédhearcach;

(g) sáraíonn CPL mór Airteagal 38(8) mura soláthraíonn sé an fhaisnéis a iarrtar, nó má sholáthraíonn sé í le moill shuntasach, mar fhreagairt ar iarraidh ó chomhalta imréitigh, chun ligean don chomhalta imréitigh sin an chéad fhomhír den mhír sin a chomhlíonadh, i gcás nár soláthraíodh faisnéis den sórt sin cheana;

(h) sáraíonn CPL mór Airteagal 39(7) mura nochtann sé go poiblí na leibhéil chosanta agus na costais a bhaineann leis na leibhéil éagsúla leithscartha a chuireann sé ar fáil;

(i) sáraíonn CPL mór Airteagal 49(3) mura nochtann sé go poiblí faisnéis ríthábhachtach ar a shamhail bainistithe riosca agus na toimhdí ar glacadh leo chun na tástálacha struis dá dtagraítear in Airteagal 49(1) a dhéanamh;

(j) sáraíonn CPL mór Airteagal 50(2) mura dtugann sé le fios go soiléir na hoibleagáidí atá air maidir le hionstraimí airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil sé d'oibleagáid air ionstraim airgeadais a sheachadadh nó a fháil mar sheachadadh agus a shlánaíonn nó nach slánaíonn sé na rannpháirtithe ar chaillteanais a tharlaíonn le linn an phróisis seachadta;

(k) sáraíonn CPL mór Airteagal 50c(1) mura ndéanann sé an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 50c(1) a nochtadh do na comhaltaí imréitigh aige atá ina n-institiúidí nó dá n-údaráis inniúla;

(l) sáraíonn CPL mór Airteagal 50c(2) má dhéanann sé a chomhaltaí imréitigh ar institiúidí iad a chur ar an eolas níos lú ná uair sa ráithe nó níos annaimhe ná mar atá ceangailte ag ESMA i gcomhréir le hAirteagal 50c(2).

VIII. Sáruithe a bhaineann le bacainní ar ghníomhaíochtaí maoirseachta:

(a) sáraíonn CPL Airteagal 22c agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 mura soláthraíonn sé faisnéis mar fhreagairt ar chinneadh lena n-éilítear faisnéis de bhun na míre céanna nó má sholáthraíonn sé faisnéis mhícheart nó mhíthreorach mar fhreagairt ar iarraidh shimplí ar fhaisnéis nó ar chinneadh ó ESMA i gcomhréir leis an mír chéanna agus le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(b) má sholáthraíonn CPL mór nó a ionadaithe freagraí míchearta nó míthreoracha ar cheisteanna a cuireadh de bhun fhorálacha Rialachán (AE) 1095/2010;

(c) sáraíonn CPL mór forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 mura gcomhlíonann sé iarraidh ó ESMA ar thaifid tráchta teileafóin nó sonraí;

(d) mura ndéanann CPL mór in am trátha beart maoirseachta, a cheanglaítear trí bhíthin cinneadh a ghlac ESMA, a chomhlíonadh de bhun fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(e) mura ngéilleann CPL mór do chigireacht ar an láthair a cheanglaítear le cinneadh cigireachta a ghlac ESMA de bhun fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.'.

## IARSCRÍBHINN IV

**'IARSCRÍBHINN**

**LIOSTA DE NA SÁRUITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 10(a) GO 10(e)**

Sáruithe a bhaineann le scéimeanna socraíochta:

(a) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10b(2) mura gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(1), an chéad fhomhír, Airteagal 7(2), (4) agus (5) agus Airteagal 7(6), an chéad agus an dara fomhír;

(b) maidir le leabharchoimeádaí TMD a sholáthraíonn seirbhísí lárnacha TLU go comhpháirteach le nótaire TMD, córas socraíochta TMD, TSS nó taisclann lárnach urrús a oibríonn faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, agus faoin Rialachán sin amháin, sáraíonn sé Airteagal 10b(8) mura sonraíonn sé a ról agus a fhreagrachtaí maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar i gcomhaontú i scríbhinn atá ceangailteach ó thaobh dlí nó mura dtugann sé fógra faoin gcomhaontú i scríbhinn sin dá údaráis inniúla faoi seach, mar aon le faisnéis shoiléir faoin eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí lárnacha TLU do na hionstraimí airgeadais TMD éagsúla, nó do chatagóirí ionstraimí airgeadais TMD;

(c) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(1) murab é laistigh de scéim socraíochta arna húdarú faoi Airteagal 10d, agus faoi scéim den sórt sin amháin, a shocraíonn sé idirbhearta;

(d) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(1) murab é le leabharchoimeádaithe TMD eile atá ina gcuid den scéim socraíochta chéanna, agus leo sin amháin, a shocraíonn sé idirbhearta;

(e) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(2) mura n-áirithíonn sé nach socraítear na hidirbhearta uile ach amháin le taiscí bainc ceannais a shealbhaítear i mbanc ceannais eisiúna an airgeadra ábhartha, go socraítear na hidirbhearta uile in ionstraimí airgeadais TMD lena mbaineann gné airgid ar bhonn seachadta in áit íocaíochta, go soláthraítear, ar lá an dáta socraíochta ar a laghad, críochnaitheacht socraíochta leormhaith aistrithe airgid agus ionstraimí airgeadais TMD leis an scéim socraíochta, agus go mbainistíonn an scéim socraíochta a rioscaí dlíthiúla, gnó agus oibriúcháin ar bhealach éifeachtach;

(f) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(3) mura n-áirithíonn sé go gcomhlíontar na ceanglais faoi phointí (a) go (c) den Airteagal sin leis an scéim socraíochta ina bhfuil sé rannpháirteach, agus mura n-áirithíonn sé go gcomhlíonann gach leabharchoimeádaí TMD atá rannpháirteach sa scéim socraíochta sin na ceanglais úd;

(g) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(4) mura sainaithníonn sé foinsí riosca oibriúcháin maidir le feidhmiú na scéime socraíochta agus mura n-íoslaghdaíonn sé a dtionchar;

(h) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(5) mura ndéanann sé beartas leormhaith um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun caomhnú na ngníomhaíochtaí socraíochta laistigh den scéim socraíochta agus athshlánú tráthúil a oibríochtaí a áirithiú;

(i) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(5) mura ndéanann sé rioscaí a d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí agus fóntais a chruthú dá oibríochtaí a shainaithint, agus mura ndéanann sé faireachán agus bainistiú ar na rioscaí sin;

(j) leabharchoimeádaí TMD a sholáthraíonn seirbhísí baincéireachta dá chliaint, a bhaineann leis an ngníomhaíocht socraíochta laistigh den scéim socraíochta, sáraíonn sé Airteagal 10c(6)

mura gcomhlíonann sé na ceanglais stuamachta shonracha maidir leis na rioscaí creidmheasa a leagtar amach i bpointí (a) go (f) den Airteagal sin a bhaineann leis na seirbhísí sin;

(k) leabharchoimeádaí TMD a sholáthraíonn seirbhísí baincéireachta dá chliaint, a bhaineann leis an ngníomhaíocht socraíochta laistigh den scéim socraíochta, sáraíonn sé Airteagal 10c(7) mura gcomhlíonann sé na ceanglais stuamachta shonracha maidir leis na rioscaí leachtacha a leagtar amach i bpointí (a) go (e) den Airteagal sin a bhaineann leis na seirbhísí sin;

(l) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD atá rannpháirteach i scéim socraíochta Airteagal 10c(8) mura ndéanann sé comhaontú i scríbhinn atá ceangailteach ó thaobh dlí lena sonraítear róil agus freagrachtaí na leabharchoimeádaithe TMD laistigh den scéim socraíochta;

(m) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(8) más comhalta de dhá scéim socraíochta nó níos mó é nó má tá sé rannpháirteach i scéim socraíochta nach bhfuil dhá leabharchoimeádaí TMD ar a laghad inti;

(n) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(9) mura ngníomhachtaíonn sé an straitéis aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 10(e) nó mura dtugann sé fógra do ESMA faoi ghníomhachtú a straitéise aistrithe agus faoi amscála an aistrithe, i gcás inar shroich an margadhluach comhiomlán an méid a shonraítear faoi Airteagal 3(3);

(o) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(9) mura ngníomhachtaíonn sé an straitéis aistrithe i gcás inar urrúis inaistrithe arna n-eisiúint ag FBManna iad na hionstraimí airgeadais TMD agus nuair a shroicheann margadhluach na n-urrús inaistrithe sin EUR 45 bhilliún;

(p) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10c(10) mura dtuairiscíonn sé do ESMA ar bhonn míosúil an fhaisnéis a liostaítear i bpointí (a) go (e) den Airteagal sin nó mura dtuairiscíonn sé faisnéis atá mionsonraithe go leormhaith chun a fhíorú go gcomhlíontar an tAirteagal sin leis an scéim socraíochta agus leis na leabharchoimeádaithe TMD rannpháirteacha;

(r) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10d(2) mura gcuireann sé an fhaisnéis a leagtar amach i bpointí (a) go (g) den Airteagal sin faoi bhráid ESMA;

(s) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10d(2) mura dtugann sé fógra do ESMA gan moill mhíchuí faoi aon athrú ábhartha ar an bhfaisnéis ar tugadh fógra fúithi roimhe sin faoin scéim socraíochta;

(t) leabharchoimeádaí TMD a théann isteach sa scéim socraíochta tar éis thús a oibríochtaí, sáraíonn sé Airteagal 10d (2) mura gcuireann sé faisnéis faoi bhráid ESMA faoi chomhdhéanamh nua na scéime socraíochta 1 mhí amháin ar a laghad sula dtosaíonn siad ag socrú ionstraimí airgeadais TMD;

(u) sáraíonn leabharchoimeádaí TMD Airteagal 10e(2) mura mbunaíonn sé straitéis aistrithe shoiléir mhionsonraithe chun gníomhaíocht scéime socraíochta ar leith a laghdú i gcás ina gceanglaítear sin faoi phointí (a) go (c) agus í a chur ar fáil go poiblí, nó mura n-áirithíonn sé go gcomhlíontar na ceanglais a liostaítear in Airteagal 10e(2) agus (3) leis an straitéis aistrithe.’.

## IARSCRÍBHINN V

'IARSCRÍBHINN VII

**LIOSTA DE NA SÁRUITHE DÁ dTAGRAÍTEAR I dTEIDIL V AGUS VI DO SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ**

1. Sáraíonn duine Airteagal 59(1) má sholáthraíonn sé seirbhísí cripteashócmhainní gan bheith údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 63, nó gan bheith ceadaithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar de bhun Airteagal 60.
2. Maidir le heintiteas atá ceadaithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar de bhun Airteagal 60(2) go (6), sáraíonn sé Airteagal 60(6a) mura gcuireann sé faisnéis faoi bhráid ESMA go bliantúil faoina láimhdeachas bliantúil iomlán, go háirithe, an céatadán dá láimhdeachas bliantúil iomlán a ghintear trí sheirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar de réir na ráiteas airgeadais is déanaí atá ar fáil a d'fhormheas a chomhlacht bainistíochta.
3. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 65(1) mura gcuireann sé isteach an fhaisnéis a liostaítear i mír 1, pointí (a) go (d), den Airteagal sin.
4. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 66(1) mura ngníomhaíonn sé ar bhealach macánta gairmiúil i gcomhréir le leas a chliant agus leas a chliant ionchasach.
5. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 66(2) mura ndéanann sé cumarsáid lena chliaint ar bhealach atá cothrom, soiléir agus nach bhfuil míthreorach.
6. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 66(3) mura dtugann sé rabhadh do chliaint maidir leis na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta i gcripteashócmhainní.
7. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 66(4) mura gcuireann sé a bheartais maidir le praghsáil, costais agus táillí ar fáil go poiblí.
8. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 66(5) mura gcuireann sé cripteashócmhainní ar fáil go poiblí, in áit fheiceálach ar a suíomh gréasáin, faisnéis a bhaineann leis na drochthionchair phríomha ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag an sásra comhthola a úsáidtear chun gach cripteashócmhainn a eisiúint, a soláthraíonn siad seirbhísí ina leith.
9. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 67(1) mura mbíonn coimircí stuamachta i bhfeidhm aige atá cothrom ar a laghad leis na méideanna is airde a shocraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír sin.
10. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 67(4) i gcás nach míreanna agus ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagail 26 go 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 iad a chistí dílse, tar éis na n-asbhaintí ina n-iomláine, de bhun Airteagal 36 den Rialachán sin, gan díolúintí tairsí de bhun Airteagail 46 agus 48 den Rialachán sin a chur i bhfeidhm, nó mura bhfuil polasaí árachais aige lena gcumhdaítear críocha an Aontais ina soláthraítear seirbhísí cripteashócmhainní nó ráthaíocht inchomparáide agus mura gcomhlíonann sé coinníollacha mhíreanna 5 nó 6 den Airteagal sin.

11. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(1) más rud é go bhfuil comhaltaí dá chomhlacht bainistíochta nach bhfuil dea-cháil leormhaith orthu nó nach bhfuil an t-eolas iomchuí, na scileanna iomchuí ná an taithí iomchuí acu, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon, chun a gcuid dualgas a dhéanamh, nó nach léiríonn go bhfuil sé ar a gcumas acu a ndóthain ama a thabhairt chun a gcuid dualgas a dhéanamh go héifeachtach.

12. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(2) más rud é go bhfuil scairshealbhóirí nó comhaltaí aige, bídís díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilithe acu ach nach bhfuil dea-cháil leormhaith orthu.

13. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(4) mura nglacann sé beartais agus nósanna imeachta atá éifeachtach go leor chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú.

14. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(5) mura bhfostaíonn sé pearsanra ag a bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an saineolas is gá chun na freagrachtaí a leithdháiltear orthu a chomhlíonadh.

15. Sáraíonn comhaltaí chomhlachta bainistíochta soláthróra seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(6) mura ndéanann siad measúnú agus athbhreithniú go tréimhsiúil ar éifeachtacht na socruithe agus nósanna imeachta beartais a cuireadh i bhfeidhm chun Caibidlí 2 agus 3 den Teideal seo a chomhlíonadh agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ina leith sin.

16. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(7) mura ndéanann sé gach beart réasúnta chun leanúnachas agus tráthrialtacht a áirithiú i bhfeidhmíocht a sheirbhísí cripteashócmhainní agus mura n-úsáideann sé acmhainní agus nósanna imeachta iomchuí agus comhréireacha, lena n-áirítear córais TFC athléimneacha shlána mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554, nó mura mbunaíonn sé beartas leanúnachais gnó lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó TFC mar aon le pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC arna mbunú de bhun Airteagail 11 agus 12 de Rialachán (AE) 2022/2554 arb é is aidhm dóibh a áirithiú, i gcás briseadh ina chórais agus nósanna imeachta TFC, go gcaomhnaítear na sonraí agus na feidhmeanna fíor-riachtanacha agus go gcoinnítear na seirbhísí cripteashócmhainní ar bun nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, go n-athshlánaítear na sonraí agus na feidhmeanna sin go tráthúil agus go n-atosaítear na seirbhísí cripteashócmhainní go tráthúil.

17. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(8) mura mbíonn sásraí, córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm aige mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554, mar aon le nósanna imeachta agus socruithe éifeachtacha le haghaidh measúnú riosca, chun forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear [Treoir (AE) 2015/849] a chomhlíonadh agus mura ndéanann sé faireachán agus, ar bhonn tráthrialta, meastóireacht ar leorgacht agus éifeachtacht na sásraí, na gcóras agus na nósanna imeachta sin.

18. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 68(9) mura ndéanann sé socrú chun taifead a choimeád ar na seirbhísí, gníomhaíochtaí, orduithe agus idirbhearta cripteashócmhainní uile a dhéanann siad.

19. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 69 mura dtugann sé fógra gan mhoill faoi aon athrú ar a chomhlacht bainistíochta, sula bhfeidhmeoidh aon chomhalta nua gníomhaíochtaí.

20. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 70(1) mura gcosnaíonn sé cearta úinéireachta na gcliant, go háirithe i gcás dhócmhainneacht an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, agus mura ndéanann sé úsáid chripteashócmhainní na gcliant dá chuntas féin a chosc.

21. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 70(2) mura mbíonn socruithe leormhaithe i bhfeidhm aige chun cearta úinéireachta na gcliant a chosaint agus chun úsáid chistí na gcliant dá chuntas féin a chosc, i gcás ina gceanglaítear cistí cliant, seachas comharthaí ríomh-airgid, a shealbhú de bharr a shamhla gnó.

22. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 70(3) mura gcuireann sé cistí cliant in institiúid creidmheasa ná i mbanc ceannais faoi dheireadh an lae gnó tar éis an lae a fuarthas cistí cliant, seachas comharthaí ríomh-airgid, agus mura sealbhaítear na cistí i gcuntas atá inaitheanta ar leithligh ó aon chuntas a úsáidtear chun cistí ar leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní iad a shealbhú.

23. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 70(4) má sholáthraíonn sé seirbhísí íocaíochta ach mura gcuireann sé a chliaint ar an eolas faoi chineál ná téarmaí agus coinníollacha na seirbhísí sin, lena n-áirítear tagairtí don dlí náisiúnta is infheidhme agus do chearta cliant, nó cé acu a sholáthraíonn sé féin nó tríú páirtí na seirbhísí sin.

24. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 71(1) mura ndéanann sé nósanna imeachta éifeachtacha trédhearcacha a bhunú agus a choinneáil ar bun chun gearáin a fhaightear ó chliaint a láimhseáil go pras agus ar bhealach cothrom comhsheasmhach.

25. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 71(2) mura gcuireann sé ar a gcumas do na cliaint gearáin a dhéanamh saor in aisce.

26. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 71(3) mura gcuireann sé cliaint ar an eolas gur féidir leo gearán a dhéanamh agus mura gcuireann sé teimpléad ar fáil do chliaint chun gearán a dhéanamh agus mura gcuireann sé in iúl dóibh aon bheart a dhéantar mar fhreagairt ar na gearáin sin.

27. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 71(4) mura ndéanann sé na gearáin uile a imscrúdú ar bhealach tráthúil agus cothrom nó mura gcuireann sé torthaí imscrúduithe den sórt sin in iúl do chliaint laistigh de thréimhse réasúnta ama.

28. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 72(1) mura ndéanann sé beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, ar coinbhleachtaí leasa iad idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní é féin agus a scairshealbhóirí nó a chomhaltaí, idir é féin agus aon duine atá nasctha go díreach nó go hindíreach trí rialú leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó a scairshealbhóirí nó a chomhaltaí, idir é féin agus comhaltaí a chomhlachta bainistíochta, idir é féin agus a fhostaithe, idir é féin agus a chliaint, nó idir dhá chliant nó níos mó a bhfuil coinbhleacht idir a leasanna frithpháirteacha.

29. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 72(2) mura ndéanann sé cineál ginearálta agus foinsí na gcoinbhleachtaí leasa agus na bearta a rinneadh chun na rioscaí sin a mhaolú a nochtadh, in áit fheiceálach ar a shuíomh gréasáin, dá chliaint agus dá chliaint ionchasacha.

30. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 72(3) mura ndéanann sé an nochtadh dá dtagraítear in Airteagal 72(2) ar bhealach leictreonach, agus mura

mbíonn sé beacht go leor chun é a chur ar a chumas do gach cliant cinneadh ceannaigh feasach a dhéanamh faoi chomhartha den sórt sin.

31. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 72(4) mura ndéanann sé measúnú ar a bheartas maidir le coinbhleachtaí leasa, agus mura ndéanann sé é a athbhreithniú go bliantúil ar a laghad, agus mura ndéanann sé gach beart iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh ina leith sin.

32. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 73(1) mura ndéanann sé gach beart réasúnta chun rioscaí oibriúcháin breise a sheachaint a eascraíonn as seirbhísí nó gníomhaíochtaí a eisfhoinsiú chuig tríú páirtithe.

33. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 73(2) mura mbíonn beartas aige maidir le heisfhoinsiú, lena n-áirítear maidir le pleananna teagmhais agus straitéisí scoir.

34. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 73(3) mura ndéanann sé a chearta ná a oibleagáidí agus cearta agus oibleagáidí na dtríú páirtithe a bhfuil siad ag eisfhoinsiú seirbhísí nó gníomhaíochtaí chucu a shainiú i gcomhaontú i scríbhinn agus mura soláthraíonn sé an ceart chun an comhaontú sin a fhoirceannadh.

35. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 74 mura mbíonn plean i bhfeidhm aige atá iomchuí chun tacú le foirceannadh ordúil a ghníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear leanúnachas nó athshlánú aon ghníomhaíochtaí criticiúla.

36. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(1) mura mbíonn comhaontú i bhfeidhm aige lena chliaint lena sonraítear a dhualgais agus a fhreagrachtaí agus cumhdach agus riar cripteashócmhainní á soláthar aige agus mura n-áirítear na gnéithe dá bhforáiltear i bpointí (a) go (g) d'Airteagal 75(1) ar a laghad sa chomhaontú sin.

37. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(2) mura gcoimeádann sé clár suíomhanna, arna oscailt in ainm gach cliaint agus, i gcás inarb ábhartha, aon ghluaiseacht a thaifeadadh sa chlár sin a luaithe is féidir tar éis treoracha óna chliaint, a léirítear le hidirbheart a chláraítear go tráthrialta i gclár suíomhanna an chliaint.

38. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(3) mura mbunaíonn sé beartas cumhdaigh ina bhfuil rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha chun slánchoimeád nó rialú na gcripteashócmhainní faoina chumhdach a áirithiú, nó na modhanna rochtana ar na cripteashócmhainní, agus mura gcuireann sé ar fáil do chliaint é arna iarraidh sin dóibh i bhformáid leictreonach.

39. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(5) mura soláthraíonn sé ráiteas ar shuíomh na gcripteashócmhainní atá taifeadta in ainm an chliaint uair amháin gach 3 mhí ar a laghad agus arna iarraidh sin don chliant sin, ar ráiteas é ina sainaithnítear na cripteashócmhainní lena mbaineann, a n-iarmhéid, a luach agus an t-aistriú cripteashócmhainní a rinneadh le linn na tréimhse lena mbaineann.

40. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(6) mura n-áirithíonn sé go bhfuil na nósanna imeachta is gá i bhfeidhm chun go dtabharfar

cripteashócmhainní atá á gcoimeád thar ceann a gcliant, nó na bealaí rochtana, ar ais do na cliaint sin a luaithe is féidir.

41. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(7), an chéad fhomhír, mura leithscarann sé sealúchais cripteashócmhainní thar ceann a chliant óna shealúchais féin agus mura n-áirithíonn sé go sainaithnítear go soiléir na modhanna rochtana ar chripteashócmhainní a chliant mar mhodhanna rochtana agus mura sealbhaítear, ar an mórleabhar dáilte, cripteashócmhainní a chliant ar leithligh óna chripteashócmhainní féin.

42. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(7), an dara fomhír, mura gcoimeádann sé na cripteashócmhainní atá á sealbhú faoi chumhdach leithscartha go dlíthiúil ó eastát an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar mhaithe le leas chliaint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus mura ndéantar na cripteashócmhainní atá á sealbhú faoi chumhdach a leithscaradh go hoibríochtúil ó eastát an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

43. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 75(9) mura n-úsáideann sé soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 59 agus é ag úsáid soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile chun cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar nó mura gcuireann sé a chliaint ar an eolas faoi sin.

44. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(1) mura ndéanann sé rialacha oibríochta soiléire trédhearcacha a leagan síos, a choinneáil ar bun agus a chur chun feidhme maidir leis an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibríonn sé, agus mura socraíonn sé sna rialacha oibríochtúla na gnéithe dá dtagraítear i míreanna (a) go (h) den Airteagal sin ar a laghad.

45. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(2) mura n-áirithíonn sé sula ligtear isteach cripteashócmhainn chun a trádála go gcomhlíonann an chripteashócmhainn rialacha oibríochtúla an ardáin trádála agus go ndearnadh oiriúnacht na cripteashócmhainne lena mbaineann a mheasúnú.

46. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(4) mura dtarraingíonn sé suas rialacha oibríochtúla an ardáin trádála i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit baile nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

47. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(5) má dhéileálann sé ar a chuntas féin ar an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibríonn sé.

48. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(6) má dhéanann sé trádáil bhunairgid mheaitseáilte gan toiliú óna chliant.

49. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(7) mura mbíonn córais, nósanna imeachta agus socruithe éifeachtacha i bhfeidhm aige chun a áirithiú go gcomhlíontar pointí (a) go (h) d’Airteagal 76(7) lena chóras trádála.

50. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(8) mura gcuireann sé ESMA ar an eolas nuair a shainaithníonn sé cásanna de dhrochúsáid mhargaidh nó d'iarracht ar dhrochúsáid mhargaidh a tharlaíonn ar a chóras trádála nó trína chóras trádála.

51. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(9) mura bpoiblíonn sé ar bhonn leanúnach le linn uaireanta trádála aon phraghas tairisceana agus iarrata agus leibhéal na leasanna trádála a fhógraítear le haghaidh cripteashócmhainní trína ardán trádála.

52. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(10) mura bpoiblíonn sé chomh gar don fhíor-am agus is féidir go teicniúil praghas, méid agus am na n-idirbheart a forghníomhaíodh i leith cripteashócmhainní a trádáladh ar a ardáin trádála.

53. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(11) mura ndéanann sé an fhaisnéis a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 76(9) agus (10) a chur ar fáil saor in aisce 15 nóiméad tar éis a foilsithe.

54. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(12) mura gcuireann sé tús le socraíocht deiridh idirbhirt cripteashócmhainne ar an mórleabhar dáilte laistigh de 24 uair an chloig ó fhorghníomhú an idirbhirt ar an ardán trádála nó, i gcás idirbhearta a shocraítear lasmuigh den mhórleabhar dáilte, faoi dheireadh an lae ar a dhéanaí.

55. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(13) mura n-áirithíonn sé go bhfuil a struchtúir maidir le táillí trédhearcach, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach agus nach gcruthaíonn sé dreasachtaí chun orduithe a chur isteach, a mhodhnú nó a chealú nó chun idirbhearta a fhorghníomhú ar bhealach a gcuireann le coinníollacha trádála mí-ordúla nó le drochúsáid mhargaidh dá dtagraítear i dTeideal VI.

56. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 76(14) mura gcoinníonn sé acmhainní ar bun agus mura mbíonn saoráidí cúltaca i bhfeidhm aige.

57. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile, sáraíonn sé Airteagal 77(1) mura mbunaíonn sé beartas tráchtála neamh-idirdhealaitheach lena léirítear, go háirithe, an cineál cliant a n-aontaíonn sé idirbheart a dhéanamh leis agus na coinníollacha a chomhlíonfaidh na cliaint sin.

58. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile, sáraíonn sé Airteagal 77(2) mura bhfoilsíonn sé praghas daingean na gcripteashócmhainní nó modh chun praghas na gcripteashócmhainní a chinneadh a mbeartaíonn sé iad a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile, agus aon teorainn is infheidhme arna cinneadh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin maidir leis an méid atá le malartú.

59. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile Airteagal 77(3) mura bhforghníomhaíonn sé orduithe cliant ar na praghsanna a thaispeántar nuair a bhíonn an t-ordú le haghaidh malartaithe críochnaitheach agus mura gcuireann sé a chliaint ar an eolas faoi na coinníollacha chun go measfar a n-ordú a bheith críochnaitheach.

60. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile Airteagal 77(4) mura bhfoilsíonn sé faisnéis faoi na hidirbhearta a thugann sé i gcrích.

61. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant Airteagal 78(1) mura ndéanann sé gach beart is gá, nuair atá orduithe á bhforghníomhú acu, chun an toradh is fearr a fháil dá chliaint.

62. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant Airteagal 78(2) mura ndéanann sé socruithe forghníomhúcháin éifeachtacha a bhunú agus a chur chun feidhme chun ligean dó Airteagal 78(1) a chomhlíonadh agus foráil a dhéanamh maidir le forghníomhú pras, cothrom agus gasta orduithe cliant agus mí-úsáid ag a fhostaithe d’aon fhaisnéis a bhaineann le horduithe cliant a chosc.

63. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 78(3) mura soláthraíonn sé faisnéis iomchuí shoiléir dá chliaint maidir lena bheartas forghníomhaithe orduithe dá dtagraítear in Airteagal 78(2) agus mura míníonn sé ar bhealach soiléir, atá mionsonraithe go leor agus atá éasca do chliaint a thuiscint, conas atá orduithe a chliaint le forghníomhú agus mura bhfaigheann sé toiliú roimh ré ó gach cliant maidir leis an mbeartas forghníomhaithe orduithe.

64. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant Airteagal 78(4) mura mbíonn sé in ann a léiriú dá chliaint, arna iarraidh sin dóibh, go bhfuil a n-orduithe forghníomhaithe aige i gcomhréir lena bheartas forghníomhúcháin orduithe agus mura mbíonn sé in ann a léiriú do ESMA, arna iarraidh sin dó, go gcomhlíonann sé Airteagal 78.

65. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant Airteagal 78(5) mura gcuireann sé a chuid cliant ar an eolas faoin bhféidearthacht go bhféadfaí orduithe cliant a fhorghníomhú lasmuigh d’ardán trádála, i gcás ina bhforáiltear leis an mbeartas forghníomhúcháin orduithe maidir leis an bhféidearthacht sin, agus mura bhfaigheann sé toiliú sainráite roimh ré óna chliaint sula rachaidh sé ar aghaidh lena n-orduithe a fhorghníomhú lasmuigh d’ardán trádála.

66. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant Airteagal 78(6) mura ndéanann sé faireachán ar éifeachtacht a shocruithe forghníomhúcháin orduithe agus a bheartais forghníomhúcháin orduithe ar bhonn tráthrialta agus mura dtugann sé fógra dá chliaint a bhfuil caidreamh cliaint leanúnach aige leo faoi aon athrú ábhartha ar a shocruithe forghníomhúcháin orduithe nó ar a bheartas forghníomhúcháin orduithe.

67. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a láithríonn cripteashócmhainní Airteagal 79(1) mura gcuireann in iúl don tairgeoir, don duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó d’aon tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a gceann, sula ndéanfaidh sé comhaontú leo, an cineál láithrithe atá á bhreithniú, léiriú faoin méid táillí idirbheart a bhaineann leis an láithriú beartaithe, an t-uainiú, próiseas agus praghas is dócha a bheidh ann agus faisnéis faoi na ceannaitheoirí a spriocdhírítear orthu.

68. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a láithríonn cripteashócmhainní Airteagal 79(1) mura bhfaigheann sé comhaontú eisitheoirí na gcripteashócmhainní sin nó aon tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a gceann a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 79(1).

69. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a láithríonn cripteashócmhainní Airteagal 79(2) mura n-áiríonn sé ina rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa nósanna imeachta sonracha leormhaithe chun aon choinbhleacht leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, ar coinbhleachtaí leasa iad a eascraíonn as cripteashócmhainní a láithriú lena chliaint féin, as rómheastachán nó gannmheastachán a dhéanamh ar an bpraghas beartaithe a bhaineann le cripteashócmhainní a láithriú, nó as dreasachtaí, lena n-áirítear dreasachtaí neamhairgid, a íocann nó a dheonaíonn an tairgeoir.

70. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhaigheann agus a tharchuireann orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 80(1) mura ndéanann sé nósanna imeachta agus socruithe a bhunú agus a chur chun feidhme lena bhforáiltear do tharchur pras agus cuí orduithe cliant lena bhforghníomhú ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní nó chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní eile.

71. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhaigheann agus a tharchuireann orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant, sáraíonn sé Airteagal 80(2) má fhaigheann sé luach saothair, lascaine nó sochair neamhairgeadaíochta mar mhalairt ar orduithe arna bhfáil ó chliaint a ródú chuig ardán trádála áirithe le haghaidh cripteashócmhainní nó chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní eile.

72. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn comhairle maidir le cripteashócmhainní nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 81(1) mura ndéanann sé measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil na seirbhísí cripteashócmhainní nó na cripteashócmhainní oiriúnach dá chliaint nó dá chliaint ionchasacha.

73. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn comhairle maidir le cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 81(2) mura gcuireann sé cliaint ionchasacha ar an eolas in am trátha sula soláthraíonn sé comhairle maidir le cripteashócmhainní, gan beann ar cé acu ar bhonn neamhspleách nó bunaithe ar anailís leathan nó ar anailís níos srianta ar chripteashócmhainní éagsúla atá an chomhairle, lena n-áirítear cé acu atá an chomhairle teoranta do chripteashócmhainní arna n-eisiúint nó arna dtairiscint ag eintitis a bhfuil dlúthnaisc acu leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó le haon chaidreamh dlíthiúil nó eacnamaíoch eile, amhail caidrimh chonarthacha, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do neamhspleáchas na comhairle a sholáthraítear.

74. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní Airteagal 81(3) má ghlacann sé nó má choinníonn sé táillí, coimisiúin ná aon sochair airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta arna n-íoc nó arna soláthar ag eisitheoir, tairgeoir, duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó aon tríú páirtí, nó duine a ghníomhaíonn thar ceann tríú páirtí, i ndáil le bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar dá gcliaint.

75. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn comhairle maidir le cripteashócmhainní Airteagal 81(4) mura soláthraíonn sé faisnéis do chliaint

ionchasacha maidir leis na costais agus na muirir ghaolmhara uile, lena n-áirítear costas na comhairle.

76. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn comhairle maidir le cripteashócmhainní Airteagal 81(9) mura dtugann sé rabhadh do chliaint nó do chliaint ionchasacha faoi na gnéithe éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 81(9), pointí (a) go (e).

77. An soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn comhairle maidir le cripteashócmhainní, sáraíonn sé Airteagal 81(10) mura ndéanann sé beartais agus nósanna imeachta a bhunú, a choinneáil ar bun agus a chur chun feidhme chun é a chur ar a gcumas dóibh an fhaisnéis uile is gá a bhailiú agus a mheasúnú chun an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 81(1) a dhéanamh do gach cliant.

78. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant Airteagal 82(1) mura dtugann sé comhaontú i gcrích lena chliaint lena sonraítear a dhualgais agus a fhreagrachtaí agus lena n-áirítear ar a laghad na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 82(1), pointí (a) go (e).

79. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 88(1), ach amháin i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 88(2), mura gcuireann sé an pobal ar an eolas a luaithe is féidir faoi fhaisnéis ón taobh istigh, dá dtagraítear in Airteagal 87, a bhaineann go díreach le heisitheoir a bhfuil a chripteashócmhainní á thairiscint ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar bhealach ina gcuirtear ar a chumas don phobal an fhaisnéis sin a rochtain go tapa agus í a mheasúnú ar bhealach iomlán, ceart agus tráthúil.

80. Sáraíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach Airteagal 89(2) má bhíonn sé ag gabháil do dhéileáil cos istigh nó ag iarraidh a bheith ag gabháil di, nó má úsáideann sé faisnéis ón taobh istigh maidir le cripteashócmhainní chun na cripteashócmhainní sin a fháil, nó a dhiúscairt, go díreach ná go hindíreach, bíodh sin do chuntas féin an duine sin nó do chuntas tríú páirtí.

81. Sáraíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach Airteagal 89(2) má mholann sé do dhuine eile gabháil do thrádáil chos istigh nó má spreagann sé duine eile gabháil do thrádáil chos istigh.'

82. Sáraíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach ag a bhfuil faisnéis ón taobh istigh maidir le cripteashócmhainní Airteagal 89(3) má mholann sé nó má spreagann sé duine eile chun cripteashócmhainní a fháil nó a dhiúscairt, nó ordú lena mbaineann cripteashócmhainní a chealú nó a mhodhnú.

83. Sáraíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach Airteagal 90(1) má nochtann sé faisnéis ón taobh istigh go neamhdhleathach d'aon duine eile, ach amháin i gcás ina ndéantar an nochtadh sin i ngnáthfheidhmiú fostaíochta, gairme nó dualgas.

84. Sáraíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach Airteagal 91(1) má ghabhann sé do chúbláil margaidh mar a shonraítear in Airteagal 91(2) agus 91(3), nó má dhéanann sé iarracht gabháil dó sin.

85. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 92(1) mura mbíonn córais agus nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm aige chun drochúsáid margaidh a chosc agus a bhrath.

86. Sáraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní Airteagal 92(1) mura dtuairiscíonn sé do ESMA aon amhras réasúnach a bhaineann le hordú nó le hidirbheart, lena n-áirítear aon chealú nó modhnú ina leith, agus maidir le gnéithe eile d'fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte amhail an sásra comhthola, i gcás ina bhféadfadh imthosca a bheith ann lena léirítear gur tharla drochúsáid margaidh, go bhfuil drochúsáid margaidh ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh drochúsáid margaidh.'.

# IARSCRÍBHINN VI

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil

'LIOSTA SEIRBHÍSÍ AGUS SÁRUITHE';

(b) cuirtear isteach na Ranna D agus E seo a leanas:

'ROINN D

Liosta de na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 11b

I. Sáruithe a bhaineann le smacht socraíochta

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 6(3) mura mbunaíonn sé nósanna imeachta lena n-éascaítear socrú idirbheart ar an dáta socraíochta atá beartaithe;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 6(4) mura gcuireann sé bearta i bhfeidhm chun a rannpháirtithe a spreagadh agus a dhreasú chun idirbhearta a shocrú go tráthúil;

(c) sáraíonn TLU mór Airteagal 7(1) mura mbunaíonn sé córas lena ndéantar faireachán ar theipeanna socraíochta idirbheart;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 7(1) mura soláthraíonn sé tuarascálacha tráthrialta maidir leis an líon teipeanna socraíochta agus mionsonraí maidir leo agus aon fhaisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear na bearta atá beartaithe ag an TLU agus ag a rannpháirtithe chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht socraíochta;

(e) sáraíonn TLU mór Airteagal 7(2) mura mbunaíonn sé nósanna imeachta lena n-éascaítear socrú idirbheart in ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) nach socraítear ar an dáta socraíochta atá beartaithe;

(f) sáraíonn TLU mór Airteagal 7(2) mura mbunaíonn sé sásra pionóis a fheidhmíonn mar bhac éifeachtach ar rannpháirtithe is cúis le teipeanna socraíochta.

II. Sáruithe a bhaineann le ceanglais chun údarú nó bailíochtú a fháil

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 16 má chuireann sé tús lena ghníomhaíochtaí gan údarú a fháil roimh ré i gcomhréir leis an Airteagal sin;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 16 mura gcomhlíonann sé na coinníollacha údaraithe i gcónaí;

(c) sáraíonn TLU mór Airteagal 17 mura gcomhlíonann sé an nós imeachta a leagtar amach ann le haghaidh iarratais ábhartha ar údarú;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 19 má leathnaíonn sé a ghnó chun seirbhísí nó gníomhaíochtaí breise a chumhdach, trí sheirbhís lárnach a eisfhoinsiú, nó trí nasc idir-inoibritheach a bhunú, gan údarú a fháil roimh ré i gcomhréir leis an Airteagal sin;

(e) sáraíonn TLU mór Airteagal 19a má eisfhoinsíonn sé seirbhís lárnach chuig TLU eile laistigh dá ghrúpa gan údarú a fháil roimh ré i gcomhréir leis an Airteagal sin;

(f) faigheann TLU mór na húdaruithe a cheanglaítear faoi Airteagail 16 agus 54 trí ráitis bhréige a dhéanamh nó ar aon mhodh neamhdhleathach eile dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 20(1) agus i bpointe (b) d'Airteagal 57(1);

III Sáruithe a bhaineann le ceanglais tuairiscithe

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 22 mura soláthraíonn sé an fhaisnéis uile is gá chun athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh, lena n-áirítear faisnéis thréimhsiúil, tríd an mbunachar sonraí lárnach, mar a shonraítear san Airteagal sin;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 22a mura ndéanann sé pleananna iomchuí maidir lena athshlánú agus foirceannadh ordúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid ESMA i gcomhréir leis an Airteagal sin.

IV. Sáruithe a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla, coinbhleachtaí leasa, nó rialacha maidir le gnó a dhéanamh

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 26(1) mura gcuireann sé socruithe daingne rialachais ar bun, lena n-áirítear struchtúr soiléir eagrúcháin ag a bhfuil freagrachtaí dea-shainithe trédhearcacha comhsheasmhacha, próisis éifeachtacha chun na rioscaí a bhfuil sé neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le beartais luacha saothair leormhaithe agus sásraí leormhaithe um rialú inmheánach, lena n-áirítear nósanna imeachta fónta ó thaobh an riaracháin agus na cuntasaíochta;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 26(2) má sholáthraíonn sé seirbhísí coimhdeacha de chineáil baincéireachta do TLUnna eile de bhun Airteagal 54a, gan rialacha agus nósanna imeachta soiléire a bheith i bhfeidhm aige lena dtugtar aghaidh ar choinbhleachtaí leasa féideartha agus lena maolaítear an riosca go gcaithfear go hidirdhealaitheach leis na TLUnna eile sin agus lena rannpháirtithe;

(c) sáraíonn TLU mór Airteagal 26(3) mura ndéanann sé socruithe eagraíochtúla agus riaracháin éifeachtacha i scríbhinn a choinneáil ar bun agus a oibriú chun aon choinbhleacht leasa fhéideartha idir a rannpháirtithe nó a gcliaint agus an TLU féin a shainaithint agus a bhainistiú agus mura gcoinníonn sé ar bun agus mura gcuireann sé chun feidhme nósanna imeachta réitigh leormhaithe i gcás ina dtarlaíonn coinbhleachtaí leasa féideartha;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 26(4) mura gcuireann sé a shocruithe rialachais agus na rialacha lena rialaítear a ghníomhaíocht ar fáil don phobal;

(e) sáraíonn TLU mór Airteagal 26(5) mura mbíonn nósanna imeachta iomchuí aige lena bhféadfaidh a fhostaithe sáruithe féideartha ar an Rialachán seo a thuairisciú go hinmheánach ar bhealach sonrach;

(f) sáraíonn TLU mór Airteagal 26(6) mura mbíonn sé faoi réir iniúchtaí tráthrialta neamhspleácha nó mura gcuireann sé torthaí na n-iniúchtaí sin in iúl don chomhlacht bainistíochta nó mura gcuireann sé ar fáil iad do ESMA agus, i gcás inarb iomchuí, coinbhleachtaí leasa féideartha idir comhaltaí an choiste úsáideoirí agus an TLU sin á gcur san áireamh, don choiste úsáideoirí;

(g) sáraíonn TLU mór Airteagal 27(1) mura n-áirithíonn sé go bhfuil dea-cháil leormhaith ar a ardbhainistíocht agus go bhfuil taithí leormhaith acu chun a áirithiú go ndéanfaidh siad bainistiú fónta stuama ar an TLU sin;

(h) sáraíonn TLU mór Airteagal 27(2) mura n-áirithíonn sé go mbíonn aon trian ar a laghad dá chomhaltaí neamhspleách, agus go mbíonn beirt chomhaltaí neamhspleácha ar a laghad, ar a chomhlacht bainistíochta;

(i) sáraíonn TLU mór Airteagal 27(3) má dhéanann sé luach saothair na gcomhaltaí neamhspleácha agus na gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile den chomhlacht bainistíochta a nascadh le feidhmíocht ghnó an TLU sin;

(j) sáraíonn TLU mór Airteagal 27(4) mura n-áirithíonn sé go mbíonn a chomhlacht bainistíochta comhdhéanta de chomhaltaí oiriúnacha a bhfuil dea-cháil leormhaith orthu agus meascán iomchuí scileanna, taithí agus eolas acu ar an eintiteas agus ar an margadh, nó mura n-áirithíonn sé go gcinneann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an chomhlachta bainistíochta spriocuimhir ó thaobh ionadaíocht a dhéanamh ar an inscne tearcionadaithe ar an gcomhlacht bainistíochta agus go n-ullmhaíonn siad beartas faoin gcaoi a méadófaí an líon daoine den inscne tearcionadaithe d'fhonn an sprioc sin a bhaint amach, nó mura n-áirithíonn sé go gcuirtear an sprioc, an beartas agus a chur chun feidhme ar fáil don phobal;

(k) sáraíonn TLU mór Airteagal 27(5) mura ndéanann sé róil agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta a chinneadh go soiléir i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó mura gcuireann sé miontuairiscí chruinnithe an chomhlachta bainistíochta ar fáil do ESMA agus don iniúchóir arna iarraidh sin;

(l) sáraíonn TLU mór Airteagal 27(11) mura soláthraíonn sé faisnéis do ESMA maidir le húinéireacht an TLU sin, agus, go háirithe, maidir le céannacht agus scála leasanna aon duine ag a bhfuil sealúchas cáilitheach sa TLU, nó mura ndéanann sé an fhaisnéis sin nó faisnéis faoi aistriú ceart úinéireachta a mbíonn athrú ar rialú an TLU sin mar thoradh air a chur ar fáil don phobal;

(m) sáraíonn TLU mór Airteagal 27a(1) mura dtugann sé fógra do ESMA faoi aon athrú ar a bhainistíocht agus mura soláthraíonn sé an fhaisnéis uile is gá do ESMA chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann sé Airteagal 27(1) go (5);

(n) sáraíonn TLU mór Airteagal 28(1) mura mbunaíonn sé coistí úsáideoirí le haghaidh gach córais socraíochta urrús a oibreoidh sé, mura n-áirithíonn sé go mbíonn ionadaithe eisitheoirí na gcóras socraíochta urrús sin agus a rannpháirtithe ar an gcoiste úsáideoirí sin, nó mura n-áirithíonn sé go mbíonn comhairle an choiste úsáideoirí sin neamhspleách ar aon tionchar díreach ó lucht bainistíochta an TLU sin;

(o) sáraíonn TLU mór Airteagal 28(2) mura sainíonn sé, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, an sainordú do gach coiste úsáideoirí a bhunaítear, na socruithe rialachais is gá chun a neamhspleáchas agus a nósanna imeachta oibríochtúla a áirithiú, mar aon leis na critéir iontrála agus an sásra toghcháin le haghaidh chomhaltaí an choiste úsáideoirí, nó mura gcuireann sé na socruithe rialachais ar fáil don phobal, nó mura n-áirithíonn sé go dtuairiscíonn an coiste úsáideoirí go díreach don chomhlacht bainistíochta agus go reáchtálann sé cruinnithe tráthrialta;

(p) sáraíonn TLU mór Airteagal 28(3) agus (4) mura gcuireann sé ar a gcumas do na coistí úsáideoirí comhairle a thabhairt don chomhlacht bainistíochta maidir leis na príomhshocruithe a mbeidh tionchar acu ar a gcomhaltaí, lena n-áirítear na critéir chun glacadh le heisitheoirí nó rannpháirtithe ina gcórais socraíochta urrús faoi seach agus an leibhéal seirbhíse, nó mura gcuireann sé ar a gcumas do choistí úsáideoirí tuairim neamhcheangailteach a chur faoi bhráid an chomhlachta bainistíochta ina mbeidh cúiseanna mionsonraithe maidir le struchtúir phraghsála an TLU sin;

(q) sáraíonn TLU mór Airteagal 28(6) mura gcuireann sé ESMA agus an coiste úsáideoirí ar an eolas go pras faoi aon chinneadh lena gcinneann an comhlacht bainistíochta gan comhairle de chuid an choiste úsáideoirí a leanúint;

(r) sáraíonn TLU mór Airteagal 29(1) mura gcoinníonn sé a chuid taifead uile ar na seirbhísí agus ar na gníomhaíochtaí ar feadh 10 mbliana ar a laghad, lena n-áirítear na taifid ar na seirbhísí coimhdeacha dá dtagraítear i Ranna B agus C den Iarscríbhinn, ionas go bhféadfaidh ESMA faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas faoin Rialachán seo.

(s) sáraíonn TLU mór Airteagal 29(1a) mura gceanglaíonn sé ar eisitheoirí aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) bailí a fháil agus a tharchur don TLU sin;

(t) sáraíonn TLU mór Airteagal 29(2) mura gcuireann sé na taifid dá dtagraítear in Airteagal 29(1) ar fáil arna iarraidh sin do ESMA agus do na húdaráis ábhartha agus d'aon údarás poiblí eile a bhfuil sé de chumhacht aige, faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta Ballstáit bhaile an TLU sin, rochtain ar thaifid den sórt sin a cheangal chun a sainordú a chomhlíonadh;

(u) sáraíonn TLU mór Airteagal 30(2) mura ndéanann sé a chearta agus a oibleagáidí ná cearta agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhísí a shainiú i gcomhaontú eisfhoinsithe i scríbhinn agus mura n-áirithíonn sé go gceadaítear don TLU sin an comhaontú a fhoirceannadh leis an gcomhaontú eisfhoinsithe;

(v) sáraíonn TLU mór Airteagal 30(3) mura gcuireann sé ar fáil arna iarraidh sin do ESMA agus do na húdaráis ábhartha an fhaisnéis uile is gá chun é a chur ar a gcumas dóibh measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht cheanglais an Rialacháin seo ag na gníomhaíochtaí eisfhoinsithe;

(w) sáraíonn TLU mór Airteagal 30(4) mura dtugann sé fógra faoin eisfhoinsiú seirbhísí dá dtagraítear i Roinn B den Iarscríbhinn do ESMA sula gcuirtear an t-eisfhoinsiú sin chun feidhme agus mura soláthraíonn sé an fhaisnéis uile is gá chun ligean do ESMA comhlíontacht na gceanglas dá bhforáiltear san Airteagal sin a mheasúnú;

(x) sáraíonn TLU mór Airteagal 32 mura mbíonn spriocanna agus cuspóirí aige atá sainithe go soiléir agus indéanta, amhail i réimse na n-íosleibhéal seirbhísí, i réimse na n-ionchas bainistithe riosca agus i réimse na dtosaíochtaí gnó agus mura mbíonn rialacha trédhearcacha maidir le láimhseáil gearán aige;

(y) sáraíonn TLU mór Airteagal 33(1) mura mbíonn critéir maidir le rannpháirtíocht aige atá nochta go poiblí, lena gceadaítear rochtain chothrom oscailte do gach duine dlíthiúil a bhfuil sé beartaithe acu a bheith ina rannpháirtithe, agus mura n-áirithíonn sé go mbíonn na critéir sin trédhearcach, oibiachtúil, agus neamh-idirdhealaitheach chun rochtain chothrom oscailte ar TLU a áirithiú agus aird chuí á tabhairt ar rioscaí do chobhsaíocht airgeadais agus d'ordúlacht na margaí, agus mura n-áirithíonn sé nach gceadaítear critéir lena gcuirtear srian ar rochtain ach amháin a mhéid arb é is cuspóir dóibh riosca sonraithe a rialú ar bhonn dlisteanach don TLU sin;

(z) sáraíonn TLU mór Airteagal 33(2) mura ndéileálann sé le hiarrataí ar rochtain go pras trí fhreagra ar na hiarrataí sin a chur a fáil laistigh de mhí amháin ar a dhéanaí, agus cuirfidh sé na nósanna imeachta maidir le déileáil le hiarrataí ar rochtain ar fáil go poiblí;

(aa) sáraíonn TLU mór Airteagal 33(3) má dhiúltaíonn sé rochtain do rannpháirtí a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 33(1) gan bonn cirt cuí a thabhairt i scríbhinn agus gan an diúltú sin a bhunú ar mheasúnú riosca cuimsitheach;

(bb) sáraíonn TLU mór Airteagal 33(4) mura mbíonn nósanna imeachta oibiachtúla trédhearcacha aige maidir le rannpháirtithe nach gcomhlíonann na critéir maidir le rannpháirtíocht dá dtagraítear in Airteagal 33(1) a thuilleadh a chur ar fionraí agus a scor go hordúil;

(cc) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(1) mura ndéanann sé na praghsanna agus na táillí a bhaineann leis na seirbhísí lárnacha a liostaítear i Roinn A den Iarscríbhinn a sholáthraíonn sé a nochtadh go poiblí, maidir le gach córas socraíochta urrús a oibríonn sé, agus maidir le gach ceann de na seirbhísí lárnacha eile a dhéanann sé, nó mura ndéanann sé praghsanna agus táillí gach seirbhíse agus feidhme a sholáthraítear ar leithligh a nochtadh, lena n-áirítear lascainí

agus aisíocaíochtaí mar aon leis na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as na laghduithe sin, nó mura ligeann sé dá chliaint rochtain leithleach a bheith acu ar na seirbhísí sonracha a sholáthraítear;

(dd) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(2) mura bhfoilsíonn sé a phraghasliosta chun comparáid idir thairiscintí a éascú agus mura gcuireann sé ar a gcumas do chliaint an praghas a réamh-mheas a bheidh le híoc acu chun úsáid a bhaint as na seirbhísí;

(ee) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(3) mura mbíonn sé faoi cheangal ag an mbeartas praghsála foilsithe atá aige dá sheirbhísí lárnacha;

(ff) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(4) mura soláthraíonn sé faisnéis dá chliaint lena mbeifear in ann na sonraisc a réiteach leis na praghasliostaí foilsithe;

(gg) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(5) mura nochtann sé faisnéis do na cliaint uile lena bhféadfaidh siad na rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear a mheasúnú;

(hh) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(6) mura dtugann sé cuntas go leithleach i dtaobh chostais agus ioncaim na seirbhísí lárnacha a sholáthraítear agus mura nochtann sé an fhaisnéis sin do ESMA;

(ii) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(7) mura dtugann sé cuntas go leithleach i dtaobh chostais agus ioncaim na seirbhísí coimhdeacha a sholáthraítear ar an iomlán agus mura nochtann sé an fhaisnéis sin do ESMA;

(jj) sáraíonn TLU mór Airteagal 34(8) mura gcoinníonn sé cuntasaíocht chostála ar bun dá ghníomhaíochtaí agus mura ndéanann sé, sna cuntais sin, na costais agus na hioncaim a bhaineann le gach ceann dá chroísheirbhísí a dheighilt ó na costais agus na hioncaim a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha.

V. Sáruithe a bhaineann le ceanglais maidir le seirbhísí TLU

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 36 mura mbíonn rialacha agus nósanna imeachta iomchuí aige, lena n-áirítear cleachtais agus rialuithe cuntasaíochta stóinsithe, chun cuidiú le sláine eisiúintí urrús a áirithiú, agus chun íoslaghdú agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta urrús a choimeád slán agus a shocrú, le haghaidh gach córais socraíochta urrús a oibríonn sé;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 37 mura ndéanann sé bearta réitigh iomchuí, a d'fhéadfaí a dhéanamh trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid, chun a fhíorú go bhfuil an líon urrús a bheidh i gceist in eisiúint urrús nó i gcuid d'eisiúint urrús a chuirfear faoi bhráid an TLU sin cothrom le suim na n-urrús a thaifeadtar ar chuntais urrús rannpháirtithe an chórais socraíochta urrús a oibríonn an TLU sin agus, i gcás inarb ábhartha, ar chuntais úinéara a choinneoidh an TLU sin ar bun, nó mura ndéanann sé na bearta réitigh sin go laethúil ar a laghad;

(c) sáraíonn TLU mór Airteagal 37(2) mura ndéanann sé, i gcás inarb iomchuí agus má tá baint ag eintitis eile leis an bpróiseas réitigh maidir le heisiúint urrús áirithe, amhail an t-eisitheoir, na cláraitheoirí, na gníomhairí eisiúna, na gníomhairí aistrithe, na taisclanna coiteanna, TLUnna eile nó eintitis eile, mura ndéanann sé bearta comhair agus malartaithe faisnéise leormhaithe a eagrú leis na heintitis sin ionas go gcoinneofar sláine na heisiúna ar bun;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 37(3) má cheadaíonn sé rótharraingtí urrús, iarmhéideanna dochair nó cruthú urrús i gcóras socraíochta urrús a oibríonn an TLU sin;

(e) sáraíonn TLU mór Airteagal 38(1) mura gcoinníonn sé taifid agus cuntais lena gcuirfear ar a cumas, aon tráth agus gan mhoill, sna cuntais leis an TLU, urrúis rannpháirtí amháin a leithscaradh ó urrúis aon rannpháirtí eile agus, más infheidhme, ó shócmhainní an TLU féin.

(f) sáraíonn TLU mór Airteagal 38(2) mura gcoimeádann sé taifid agus cuntais lena gcuirtear ar a chumas d'aon rannpháirtí leithscaradh a dhéanamh idir urrúis an rannpháirtí agus urrúis chliaint an rannpháirtí;

(g) sáraíonn TLU mór Airteagal 38(3) mura gcoimeádann sé taifid agus cuntais lena gcumasaítear leithscaradh cliaint comhthiomsaithe;

(h) sáraíonn TLU mór Airteagal 38(4) mura gcoimeádann sé taifid agus cuntais lena gcumasaítear leithscaradh cliaint aonair;

(i) sáraíonn TLU mór Airteagal 38(6) mura nochtann sé go poiblí na leibhéil chosanta agus na costais a bhaineann leis na leibhéil éagsúla leithscartha a sholáthraíonn sé, nó mura dtairgeann sé na seirbhísí sin ar théarmaí tráchtála réasúnacha, nó mura n-áirithíonn sé go n-áirítear leis na mionsonraí maidir leis na leibhéil éagsúla leithscartha tuairisc ar na príomhimpleachtaí dlíthiúla maidir leis na leibhéil leithscartha faoi seach a thairgtear, lena n-áirítear faisnéis faoin dlí dócmhainneachta is infheidhme sna dlínsí lena mbaineann;

(j) sáraíonn TLU mór Airteagal 38(7) má úsáideann sé urrúis nach leis iad chun aon chríoch, nó má úsáideann sé urrúis rannpháirtí gan toiliú sainráite an rannpháirtí sin a fháil roimh ré, nó mura gcuireann sé de cheangal ar a rannpháirtithe aon toiliú is gá a fháil roimh ré a fháil óna gcliaint;

(k) sáraíonn TLU mór Airteagal 39(1) mura n-áirithíonn sé go gcuireann an córas socraíochta urrús a oibríonn sé cosaint leormhaith ar fáil do rannpháirtithe;

(l) sáraíonn TLU mór Airteagal 39(2) mura n-áirithíonn sé go sainítear le gach córas socraíochta urrús a oibríonn sé an tráth a dtiocfaidh orduithe aistrithe isteach sa chóras socraíochta urrús sin mar aon leis an bpointe do-athraitheachta i gcomhréir le [Rialachán (AE) …/… maidir le críochnaitheacht socraíochta];

(m) sáraíonn TLU mór Airteagal 39(3) mura nochtann sé na rialacha lena rialaítear críochnaitheacht aistrithe urrús agus airgid i gcóras socraíochta urrús;

(n) sáraíonn TLU Airteagal 39(5) mura nglacann sé gach céim réasúnta chun a áirithiú, i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 39(3), go mbainfear amach críochnaitheacht aistrithe urrús agus airgid dá dtagraítear in Airteagal 39(3) i bhfíor-am nó taobh istigh de lá amháin agus i gcás ar bith tráth nach déanaí na deireadh an lae gnó ar a mbeidh an dáta socraíochta iarbhír;

(o) sáraíonn TLU mór Airteagal 39(6) mura n-áirithíonn sé go mbíonn na fáltais airgid a bhaineann le socraíochtaí urrús ar fáil d'fhaighteoirí lena n-úsáid tráth nach déanaí ná deireadh an lae gnó ar a mbíonn an dáta socraíochta atá beartaithe, i gcás ina dtairgeann an TLU sin na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 40(3);

(p) sáraíonn TLU mór Airteagal 39(7) mura n-áirithíonn sé go socraítear ar bhonn seachadta in áit íocaíochta gach idirbheart urrús in aghaidh íocaíochta in airgead nó i gcomharthaí ríomh-airgid idir rannpháirtithe díreacha i gcóras socraíochta urrús a oibríonn TLU agus a shocraítear sa chóras socraíochtaí urrús sin;

(q) sáraíonn TLU mór Airteagal 40(1) mura socraíonn sé íocaíochtaí in airgead tirim a chórais socraíochta urrús in airgead bainc ceannais i gcás ina mbíonn sé sin praiticiúil agus i gcás ina mbíonn sé ar fáil;

(r) sáraíonn TLU mór Airteagal 40(2) mura nascann sé go díreach le bonneagar socraíochta coiteann atá comhtháite le córais ollsocraíochta fíor-ama bainc ceannais a oibrítear san Aontais agus mura dtairgeann sé dá rannpháirtithe an fhéidearthacht a n-idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí atá le fáil ar an ardán sin a shocrú i gcuntais a osclaítear ar an ardán sin, i gcás ina dtairgeann an TLU sin íocaíochtaí in airgead tirim a chórais socraíochta urrús a shocrú in airgeadra atá le fáil ar an ardán sin;

(s) sáraíonn TLU mór Airteagal 40(3) má thairgeann sé íocaíochtaí in airgead tirim a chóras socraíochta urrús uile nó cuid díobh a shocrú ar bhealach atá éagsúil leis na cinn sin a liostaítear in Airteagal 40(3), i gcás nach socraíonn an TLU sin in airgead bainc ceannais;

(t) sáraíonn TLU mór Airteagal 41(1) mura bhfuil rialacha agus nósanna imeachta éifeachtacha a shaineofar go soiléir aige chun mainneachtain rannpháirtí amháin nó níos mó dá chuid a bhainistiú lena n-áiritheofar go mbeidh an TLU sin in ann gníomhaíocht thráthúil a ghlacadh chun caillteanais agus brúnna leachtachta a rialú agus leanúint dá oibleagáidí a chomhlíonadh;

(u) sáraíonn TLU mór Airteagal 41(2) mura gcuireann sé a rialacha agus nósanna imeachta ábhartha maidir le mainneachtain ar fáil don phobal;

(V) sáraíonn TLU mór Airteagal 41(3) mura dtugann sé faoi thástáil agus faoi athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil ar a nósanna imeachta mainneachtana i gcomhpháirt lena rannpháirtithe agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun a áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta sin praiticiúil agus éifeachtach.

VI. Sáruithe a bhaineann le ceanglais stuamachta

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 42 mura nglacann sé creat bainistithe riosca fónta chun rioscaí dlíthiúla, gnó agus oibriúcháin agus rioscaí díreacha nó indíreacha eile a bhainistiú go cuimsitheach, lena n-áirítear bearta chun calaois agus faillí a mhaolú;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 43(1) mura mbíonn rialacha, nósanna imeachta agus conarthaí aige atá soiléir agus intuigthe le haghaidh na gcóras socraíochta urrús uile a oibríonn sé agus maidir le gach seirbhís eile a sholáthraíonn sé;

(c) sáraíonn TLU mór Airteagal 43(2) mura ndéanann sé a rialacha, a nósanna imeachta agus a chonarthaí a cheapadh ionas gur féidir iad a fhorfheidhmiú i ngach dlínse ábhartha, lena n-áirítear i gcás mainneachtain rannpháirtí;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 43(3) má dhéanann sé gnó i ndlínsí éagsúla gan gach beart réasúnta a dhéanamh chun na rioscaí a eascraíonn as coinbhleachtaí féideartha dlíthe ó dhlínse go chéile a shainaithint agus a mhaolú;

(e) sáraíonn TLU mór Airteagal 44 mura bhfuil córais bainistithe agus rialaithe TF láidre aige chomh maith le huirlisí TF chun rioscaí ginearálta gnó a shainaithint agus a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear caillteanais ó dhrochfheidhmiú straitéise gnó, ó shreafaí airgid agus ó speansais oibriúcháin;

(f) sáraíonn TLU mór Airteagal 45(1) mura sainaithníonn sé na foinsí a bhaineann le riosca oibriúcháin, idir fhoinsí inmheánacha agus fhoinsí seachtracha, agus mura n-íoslaghdaíonn sé a dtionchar freisin trí úsáid a bhaint as uirlisí, próisis agus beartais TFC iomchuí arna gcur ar bun agus arna mbainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle , agus trí aon uirlis, rialú agus nós imeachta iomchuí ábhartha eile maidir le cineálacha rioscaí oibriúcháin eile, lena n-áirítear le haghaidh na gcóras socraíochta urrús go léir a oibríonn sé;

(g) sáraíonn TLU mór Airteagal 45(3) mura ndéanann sé beartas leormhaith um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste, lena n-áirítear beartas leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554, a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, ionas go n-áirithítear caomhnú a sheirbhísí, athshlánú tráthúil oibríochtaí agus comhlíontacht oibleagáidí an TLU i gcás teagmhas lena mbaineann riosca mór go gcuirfí isteach ar oibríochtaí;

(h) sáraíonn TLU mór Airteagal 45(4) mura n-áirithíonn sé go ndéantar foráil, leis an bplean dá dtagraítear in Airteagal 45(3), maidir le hathshlánú na n-idirbheart uile agus sheasaimh uile na rannpháirtithe tráth an chur isteach ionas go bhféadfaidh rannpháirtithe TLU leanúint orthu ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeifear in ann córais TF chriticiúla a chur ag obair ó thráth an chur isteach dá bhforáiltear in Airteagal 12(5) agus (7) de Rialachán (AE) 2022/2554;

(i) sáraíonn TLU mór Airteagal 45(5) mura ndéanann sé clár tástálacha ar na socruithe dá dtagraítear in Airteagal 45, míreanna 1 go 4, a phleanáil agus a dhéanamh;

(j) sáraíonn TLU mór Airteagal 45(6) mura ndéanann sé na rioscaí ó thaobh a oibríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le príomh-rannpháirtithe sna córais socraíochta urrús a oibríonn sé, agus le soláthraithe seirbhísí agus fóntais, le TLUnna eile nó le bonneagair eile mhargaidh, a shainaithint, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu, nó mura soláthraíonn sé, arna iarraidh sin, faisnéis do ESMA agus do na húdaráis ábhartha maidir le haon riosca den sórt sin a shainaithnítear, nó mura gcuireann sé ESMA agus údaráis ábhartha ar an eolas gan mhoill faoi aon teagmhas oibríochtúil, seachas i ndáil le riosca TFC, a eascraíonn as rioscaí den sórt sin;

(k) sáraíonn TLU mór Airteagal 45a mura gcomhlíonann sé na ceanglais a liostaítear i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 45a i gcás ina n-oibríonn sé féin seirbhís lárnach a úsáideann teicneolaíocht mórleabhar dáilte;

(l) sáraíonn TLU mór Airteagal 46(1) mura ndéanann sé a shócmhainní airgeadais a shealbhú i mbainc cheannais, in institiúidí creidmheasa údaraithe nó in TLUnna údaraithe;

(m) sáraíonn TLU mór Airteagal 46(2) mura mbíonn rochtain phras aige ar a shócmhainní, i gcás inar gá;

(n) sáraíonn TLU mór Airteagal 46(3) mura n-infheistíonn sé a chuid acmhainní airgeadais in airgead tirim nó ionstraimí airgeadais fíorleachtacha lena mbaineann riosca íosta margaidh agus creidmheasa agus iontu sin amháin, nó mura n-áirithíonn sé gur féidir na hinfheistíochtaí sin a leachtú go pras gan ach éifeacht dhíobhálach an-bheag a imirt ar phraghsanna;

(o) sáraíonn TLU mór Airteagal 46(5) mura n-áirithíonn sé go bhfanann a neamhchosaint fhoriomlán ar riosca d'aon institiúid creidmheasa údaraithe nó aon TLU údaraithe ar leith lena sealbhaíonn sé a shócmhainní airgeadais laistigh de theorainneacha comhchruinnithe inghlactha.

(p) sáraíonn TLU mór Airteagal 47(1) mura mbíonn caipiteal, mar aon le tuilleamh coimeádta agus cúlchistí de chuid TLU, ina sheilbh atá comhréireach leis na rioscaí a eascraíonn as gníomhaíochta an TLU sin, agus mura mbíonn caipiteal ina sheilbh atá leordhóthanach i gcónaí chun a áirithiú go mbíonn an TLU sin cosanta go leormhaith ar rioscaí oibríochtúla, dlíthiúla, cumhdaigh, infheistíochta agus gnó, ionas gur féidir leis an TLU sin leanúint de sheirbhísí a sholáthar mar ghnóthas leantach agus chun foirceannadh ordúil nó athstruchtúrú ghníomhaíochtaí an TLU sin thar thréimhse iomchuí de 6 mhí ar a laghad faoi réir raon cásanna struis a áirithiú;

(q) sáraíonn TLU mór Airteagal 47a(1) má chuireann sé glansocraíocht iarchurtha i bhfeidhm gan na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an sásra sin agus maidir le socrú glanéileamh agus oibleagáidí rannpháirtithe a shainiú;

(r) sáraíonn TLU mór Airteagal 47a(2) má chuireann sé glansocraíocht iarchurtha i bhfeidhm gan na rioscaí creidmheasa agus leachtacha a eascraíonn as an sásra sin a thomhas, a bhainistiú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú do na húdaráis inniúla.

VII. Sáruithe a bhaineann le ceanglais maidir le naisc idir TLUnna

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(1) mura ndéanann sé na foinsí féideartha riosca uile dóibh féin agus dá rannpháirtithe a eascraíonn as nasc idir TLUnna a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu nó mura ndéanann sé bearta iomchuí chun na rioscaí sin a mhaolú sula mbunaíonn sé nasc idir TLUnna;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(2) má bhunaíonn sé naisc idir-inoibritheacha le TLUnna eile gan údarú a fháil roimh ré i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 48b;

(c) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(2a) má bhunaíonn sé naisc idir-inoibritheacha lena n-eisfhoinsítear roinnt dá sheirbhísí a bhaineann leis na naisc idir-inoibritheacha sin d'eintiteas poiblí i gcomhréir le hAirteagal 30(5), nó naisc idir TLUnna nach bhfuil idir-inoibritheach, gan fógra a thabhairt do ESMA sula gcuirtear na naisc sin chun feidhme;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(2c) má bhunaíonn sé nasc le TLU tríú tír gan na coinníollacha agus na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 48 a chomhlíonadh, nó má bhunaíonn sé nasc idir-inoibritheach le TLU tríú tír gan iarratas ar údarú a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 17;

(e) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(3) mura n-áirithíonn sé go soláthraítear le nasc a bhunaigh sé cosaint leormhaith do na TLUnna atá nasctha agus dá rannpháirtithe, go háirithe maidir le creidmheasanna féideartha a glacann TLUnna agus na rioscaí comhchruinnithe agus leachtachta a bhíonn mar thoradh ar an socrú naisc, nó má bhunaíonn sé nasc nach mbíonn socrú conarthach iomchuí mar thaca leis, ar socrú é lena leagtar amach cearta agus oibleagáidí faoi seach TLUnna atá nasctha agus, i gcás inar gá, rannpháirtithe TLUnna, nó má bhunaíonn sé socrú conarthach lena mbaineann impleachtaí trasdlínse nach ndéanann foráil maidir le rogha shoiléir dlí lena rialaítear gach gné d'oibríochtaí an naisc;

(f) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(4) má athaistríonn sé urrúis sula mbíonn an chéad aistriú críochnaitheach, i gcás aistrithe shealadaigh urrús idir TLUnna atá nasctha;

(g) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(5) má úsáideann sé nasc indíreach nó idirghabhálaí chun nasc TLU a fheidhmiú le TLU eile gan na rioscaí breise a eascróidh as úsáid an naisc indírigh nó an idirghabhálaí sin a thomhas agus a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu agus bearta iomchuí a ghlacadh chun iad a mhaolú;

(h) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(6) mura mbíonn nósanna imeachta réitigh stóinsithe aige chun a áirithiú go mbíonn a thaifid féin cruinn;

(i) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(7) mura gceadaíonn sé socrú seachadta in áit íocaíochta d'idirbhearta idir rannpháirtithe in TLUnna atá nasctha, i gcás ina bhfuil sé praiticiúil agus indéanta, nó mura ndéanann sé cúiseanna mionsonraithe nach gceadaítear le haon nasc idir TLUnna socrú seachadta in áit íocaíochta a sholáthar do ESMA agus do na húdaráis ábhartha;

(j) sáraíonn TLU mór Airteagal 48(8) mura n-áirithíonn sé go mbunaítear le córais socraíochta urrús idir-inoibritheacha agus TLUnna, a úsáideann comhbhonneagar socraíochta, pointí comhionanna maidir leis an tráth a dtagann orduithe aistrithe isteach sa chóras agus maidir le

do-athraitheacht orduithe aistrithe, nó mura n-áirithíonn sé go mbíonn rialacha coibhéiseacha ag na córais socraíochta urrús agus TLUnna sin maidir le tráth críochnaitheachta na n-aistrithe urrús agus airgid;

(k) sáraíonn TLU mór Airteagal 48a(2), i gcás ina mbíonn an ceanglas sin infheidhme maidir leis, mura ndéanann sé nasc déthaobhach a bhunú agus a choinneáil ar bun le gach ceann de na moil TLU eile;

(l) sáraíonn TLU mór Airteagal 48a(3), i gcás ina mbíonn an ceanglas sin infheidhme maidir leis, mura ndéanann sé nasc déthaobhach a bhunú agus a choinneáil ar bun le mol TLU;

(m) sáraíonn TLU mór Airteagal 48a(5) mura n-áirithíonn sé maidir le gach ionstraim airgeadais a eisítear i ngach ceann de na TLUnna a bhfuil baint acu le nasc déthaobhach a bhunaítear de bhun Airteagal 48a(2) nó (3), de réir mar is infheidhme, go mbíonn siad ar fáil le haghaidh socraíochta tríd an nasc déthaobhach sin;

(n) sáraíonn TLU mór Airteagal 48b má bhunaíonn sé nasc idir-inoibritheach gan údarú a iarraidh roimh ré ó ESMA i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal sin.

VIII. I. Sáruithe a bhaineann le ceanglais rochtana

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 49(2) mura ndéileálann sé le hiarraidh ó eisitheoir ar a urrúis a thaifeadadh in TLU, ar dtús nó tar éis taifeadadh tosaigh, go pras agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach nó mura soláthraíonn sé freagairt don eisitheoir iarrthach laistigh de 3 mhí;

(b) sáraíonn TLU mór Airteagal 49(3) má dhiúltaíonn sé seirbhísí a sholáthar d'eisitheoir ar aon chúis seachas ar bhonn measúnú cuimsitheach riosca nó mura soláthraíonn an TLU sin na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (1) de Roinn A den Iarscríbhinn i ndáil le hurrúis lena n-iarrann an t-eisitheoirí na seirbhísí sin;

(c) sáraíonn TLU mór Airteagal 51a má dhiúltaíonn sé iarraidh faoi Airteagal 51a ar aon chúis seachas ar bhonn cúinsí riosca, nó má dhiúltaíonn sé iarraidh den sórt sin mar gheall ar sciar den mhargadh a chailliúint;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 52(1) mura ndéileálann sé le hiarraidh ar rochtain ó TLU eile go pras nó mura soláthraíonn sé freagairt don TLU iarrthach laistigh de 3 mhí, nó mura n-áirithíonn sé, má comhaontaíonn an TLU glacthach leis an iarraidh, go gcuirtear an nasc idir TLUnna chun feidhme laistigh de thráthchlár réasúnta, nach mbeidh níos faide ná 12 mhí;

(e) sáraíonn TLU mór Airteagal 52(2) má dhiúltaíonn sé rochtain do TLUnna iarrthacha ar chúiseanna eile seachas i gcás ina mbagródh an rochtain sin ar fheidhmiú réidh ordúil na margaí airgeadais nó i gcás ina mbeadh sí ina cúis le riosca sistéamach, nó má dhiúltaíonn sé don rochtain sin gan measúnú cuimsitheach riosca a dhéanamh, nó mura soláthraíonn sé cúiseanna iomlána leis an diúltú sin don TLU iarrthach;

(f) sáraíonn TLU mór Airteagal 52(2a) má dhiúltaíonn sé rochtain a dheonú trí nasc dá dtagraítear in Airteagal 48a (2) nó (3), gan diúltú a bhfuil údar cuí leis a sholáthar tríd an mbonneagar sonraí lárnach do ESMA agus don TLU iarrthach, mura mbunaíonn sé an diúltú sin ar mheasúnú riosca cuimsitheach, nó mura soláthraíonn sé do ESMA na bearta atá beartaithe aige chun na rioscaí is bonn leis an diúltú a mhaolú laistigh de 30 lá oibre ó fhógra a thabhairt faoin diúltú do ESMA agus don TLU iarrthach;

(g) sáraíonn TLU mór Airteagal 53(1) mura soláthraíonn sé rochtain ar a chórais socraíochta urrús ar bhonn neamh-idirdhealaitheach trédhearcach do CPL nó d'ionad trádála;

(h) sáraíonn TLU mór Airteagal 53(2) mura ndéileálann sé le hiarrataí ar rochtain go pras agus mura soláthraíonn sé freagairt don pháirtí iarrthach laistigh de 3 mhí;

(i) sáraíonn TLU mór Airteagal 53(3) má dhiúltaíonn sé rochtain ar chúiseanna eile seachas i gcás ina ndéanfaí difear leis an rochtain sin d'fheidhmiú réidh ordúil na margaí airgeadais nó i gcás ina mbeadh sí ina cúis le riosca sistéamach, nó má dhiúltaíonn sé d'iarraidh mar gheall ar sciar den mhargadh a chailliúint, nó mura soláthraíonn sé don pháirtí iarrthach cúiseanna iomlána i scríbhinn leis an diúltú sin bunaithe ar mheasúnú riosca cuimsitheach.

IX. Sáruithe a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar

(a) sáraíonn TLU mór Airteagal 54(1) má shocraíonn sé na híocaíochtaí airgid dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh trína chuntais féin dá dtagraítear in Airteagal 40(3), nó má sholáthraíonn sé ar bhealach eile aon seirbhís choimhdeach de chineál baincéireachta a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn gan údarú a fháil roimh ré i gcomhréir le forálacha Airteagail 54 agus 55;

(b) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54, sáraíonn sé Airteagal 54(2) mura n-áirithíonn sé maidir le haon fhaisnéis a sholáthraíonn sé do rannpháirtithe margaidh faoi na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht trína chuntais féin, go mbíonn an fhaisnéis sin soiléir agus cothrom agus nach mbíonn sí míthreorach, mura gcuireann sé faisnéis leormhaith ar fáil do chliaint nó do chliaint fhéideartha chun go mbeidh siad in ann na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht trí chuntais an TLU féin a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu, nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis sin arna iarraidh sin;

(c) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54, sáraíonn sé Airteagal 54(4) mura gcomhlíonann sé na coinníollacha is gá le haghaidh údaraithe faoin Rialachán seo i gcónaí, agus mura dtugann sé fógra, gan mhoill, do na húdaráis inniúla faoi aon athrú substainteach lena ndéantar difear do na coinníollacha údaraithe;

(d) sáraíonn TLU mór Airteagal 54a(1) má shocraíonn sé na híocaíochtaí airgid dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh trí chuntais a osclaítear le TLU eile dá dtagraítear in Airteagal 40(3) gan údarú a fháil roimh ré i gcomhréir le forálacha Airteagail 54a agus 55;

(e) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54a, sáraíonn sé Airteagal 54a(2) mura n-áirithíonn sé maidir le faisnéis a sholáthraíonn an TLU féin nó an TLU ainmnithe do rannpháirtithe margaidh faoi na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht trí chuntais a osclaítear le TLU eile, go mbíonn an fhaisnéis sin soiléir agus cothrom agus nach mbíonn sí míthreorach, mura gcuireann sé faisnéis leormhaith ar fáil do chliaint nó do chliaint fhéideartha chun go mbeidh siad in ann na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht trí chuntais a osclaítear le TLU eile a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu, nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis sin arna iarraidh sin;

(f) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54a, sáraíonn sé Airteagal 54a(3) tríd an údarú chun TLU eile a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 54a(1) a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí eile seachas soláthar na seirbhísí coimhdeacha de chineáil baincéireachta dá dtagraítear i Roinn C den Iarscríbhinn chun na híocaíochtaí airgid a shocrú dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh;

(g) sáraíonn TLU mór Airteagal 54a(5) má ainmníonn sé TLU eile i gcomhréir le hAirteagal 54a(1) chun na híocaíochtaí airgid a shocrú dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh in airgeadra na tíre ina bhfuil an TLU ainmniúcháin bunaithe i gcás ina sáraíonn na híocaíochtaí sin in airgead nó i gcomharthaí ríomh-airgid an tairseach a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 54b(12);

(h) sáraíonn TLU mór Airteagal 54b(1) má shocraíonn sé na híocaíochtaí in airgead tirim dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh trí chuntais a osclaítear le hinstitiúid creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 40(3) gan údarú a fháil roimh ré i gcomhréir le forálacha Airteagail 54b agus 55;

(i) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54b, sáraíonn sé Airteagal 54b(2) mura n-áirithíonn sé maidir le faisnéis a sholáthraíonn an TLU nó an institiúid creidmheasa ainmnithe do rannpháirtithe margaidh faoi na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht trí chuntais a osclaítear le hinstitiúid creidmheasa, go mbíonn an fhaisnéis sin soiléir agus cothrom agus nach mbíonn sí míthreorach, mura gcuireann sé faisnéis leormhaith ar fáil do chliaint nó do chliaint fhéideartha chun go mbeidh siad in ann na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht trí chuntais a osclaítear le hinstitiúid creidmheasa a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu, nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis sin arna iarraidh sin;

(j) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54b, sáraíonn sé Airteagal 54b(3) má úsáideann sé an t-údarú chun TLU eile a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 54b(1) le haghaidh gníomhaíochtaí eile seachas soláthar na seirbhísí coimhdeacha de chineáil baincéireachta dá dtagraítear i Roinn C den Iarscríbhinn chun na híocaíochtaí airgid a shocrú dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh;

(k) sáraíonn TLU mór Airteagal 54b(6) má ainmníonn sé institiúid creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 54b(1) chun na híocaíochtaí airgid a shocrú dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh in airgeadra na tíre ina bhfuil an TLU ainmniúcháin bunaithe i gcás ina sáraíonn na híocaíochtaí in airgead tirim sin an tairseach a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 54b(12) le haghaidh socrú in airgead tirim nó i gcomharthaí ríomh-airgid;

(l) sáraíonn TLU mór Airteagal 54c(1) má shocraíonn sé na híocaíochtaí in airgead tirim dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh i gcomharthaí ríomh-airgid ar bhealach eile seachas trína chuntais féin i gcomhréir le hAirteagal 54, trí chuntais a osclaítear le TLU eile i gcomhréir le hAirteagal 54a, nó trí chuntais a osclaítear le hinstitiúid creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 54b;

(m) sáraíonn TLU mór Airteagal 54c(2) mura n-áirithíonn sé go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 54c(2) i gcás ina ndéanann an TLU sin na híocaíochtaí airgid dá chórais socraíochta urrús uile nó cuid díobh a shocrú i gcomharthaí ríomh-airgid;

(n) sáraíonn TLU mór Airteagal 55 má sholáthraíonn sé seirbhísí coimhdeacha baincéireachta i gcomhréir le hAirteagal 54 trí TLU eile a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 54a nó trí institiúid creidmheasa a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 54b gan iarratas ar údarú a chur isteach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 55;

(o) sáraíonn TLU mór Airteagal 56 má leathnaíonn sé na seirbhísí coimhdeacha baincéireachta a sholáthraíonn sé féin nó dá n-ainmníonn sé TLU nó institiúid creidmheasa i gcomhréir le hAirteagail 54, 54a nó 54b, de réir mar is infheidhme, gan iarraidh ar leathnú a chur faoi bhráid a údaráis inniúil;

(p) sáraíonn TLU mór Airteagal 59(1) mura soláthraíonn sé ach na seirbhísí sin amháin a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn a chumhdaítear leis an údarú;

(q) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54 nó a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 54a, sáraíonn sé Airteagal 59(2) mura gcomhlíonann sé aon reachtaíocht is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa, ar reachtaíocht í atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo;

(r) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54 nó a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 54a, sáraíonn sé Airteagal 59(3) mura gcomhlíonann sé na ceanglais stuamachta shonracha maidir leis na rioscaí creidmheasa a bhaineann leis na seirbhísí sin i leith gach córais socraíochta urrús a leagtar amach in Airteagal 59(3);

(s) maidir le TLU mór a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 54 nó a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 54a, sáraíonn sé Airteagal 59(4) mura gcomhlíonann sé na ceanglais stuamachta shonracha maidir leis na rioscaí leachtacha a bhaineann leis na seirbhísí sin i leith gach córais socraíochta urrús a leagtar amach in Airteagal 59(4);

(t) maidir le TLU mór a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 54a, sáraíonn sé Airteagal 59(4a) mura mbíonn rialacha agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm aige lena dtugtar aghaidh ar aon riosca creidmheasa, leachtach agus comhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar sholáthar na seirbhísí sin.

ROINN E

Liosta de na comhéifeachtaí atá nasctha le tosca géaraitheacha agus le tosca maolaitheacha chun Airteagal 11b(3) a chur i bhfeidhm

Beidh na comhéifeachtaí seo a leanas infheidhme, go carnach, maidir leis na bunmhéideanna dá dtagraítear in Airteagal 11b(3).

I. Comhéifeachtaí um choigeartú a bhaineann le tosca géaraitheacha:

(a) i gcás ina ndearnadh an sárú arís agus arís eile, beidh feidhm ag comhéifeacht bhreise 1,1 i ndáil le gach uair a rinneadh an sárú athuair;

(b) i gcás ina ndearnadh an sárú ar feadh tréimhse is faide ná 6 mhí, beidh feidhm ag comhéifeacht 1,5;

(c) i gcás inar léiríodh leis an sárú laigí sistéamacha in eagar an TLU, go háirithe ina nósanna imeachta, ina chórais bhainistithe nó ina rialuithe inmheánacha, beidh feidhm ag comhéifeacht 2,2;

(d) i gcás ina mbíonn tionchar diúltach ag an sárú ar cháilíocht ghníomhaíochtaí agus sheirbhísí an TLU, beidh feidhm ag comhéifeacht 1,5;

(e) i gcás ina ndearnadh an sárú d'aon ghnó, beidh feidhm ag comhéifeacht 2;

(f) i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht feabhais déanta sainaithníodh an sárú, beidh feidhm ag comhéifeacht 1,7;

(g) i gcás nach bhfuil bainistíocht shinsearach an TLU tar éis comhoibriú le ESMA le linn do ESMA a chuid imscrúduithe a chur i gcrích, beidh feidhm ag comhéifeacht 1,5.

II. Comhéifeachtaí um choigeartú a bhaineann le tosca maolaitheacha:

(a) i gcás ina ndearnadh an sárú ar feadh tréimhse is lú ná 10 lá oibre, beidh feidhm ag comhéifeacht 0,9;

(b) i gcás ina bhfuil bainistíocht shinsearach an TLU in ann a léiriú go ndearna siad na bearta uile is gá chun an sárú a chosc, beidh feidhm ag comhéifeacht 0,7;

(c) i gcás inar chuir an TLU an sárú in iúl do ESMA go pras, go héifeachtach agus go hiomlán, beidh feidhm ag comhéifeacht 0,4;

(d) i gcás ina ndearna an TLU bearta dá dheoin féin chun a áirithiú nach féidir sárú comhchosúil a dhéanamh arís amach anseo, beidh feidhm ag comhéifeacht 0,6.'.